AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.1.2025
COM(2025) 30 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

# Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach

GA GA

## Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach

**Is iomaí neart eacnamaíoch atá ag an Eoraip, ach ní mór di gníomhú anois chun bheith iomaíoch arís agus a rathúnas a dhaingniú**. Tá na hacmhainní uile is gá ag an Eoraip chun bheith ar thús cadhnaíochta i ngeilleagar domhanda an lae amárach. Tá buanna gan sárú aici agus tá lucht saothair sciliúil aici, comhthiomsú mór caipitil phríobháidigh, Margadh Aonair de mhéid ilchríochach, timpeallacht dhlíthiúil chobhsaí intuartha, smacht reachta agus geilleagar sóisialta margaidh ar leith. Le blianta beaga anuas, tá sé léirithe ag an Eoraip go bhfuil cumas iontach aici freagairt do shraith géarchéimeanna. Sheas sí in aghaidh na paindéime agus an tsuaite fuinnimh a tháinig as dúmhál fuinnimh na Rúise. Tá dul chun cinn nithiúil déanta aige maidir lena aistriú digiteach agus lena aistriú glas araon agus tá beartais nua agus ionstraimí nua cistiúcháin tugtha isteach aige chun an téarnamh a chothú agus chun an fás eacnamaíoch a mhéadú.

**Ní mór don Aontas dul i ngleic go práinneach le bacainní atá ann le fada agus le laigí struchtúracha a choinníonn siar é. Mar sin féin, le breis agus scór bliain anuas, níor choinnigh an Eoraip suas le mórgheilleagair eile, mar gheall ar bhearna leanúnach sa mhéadú táirgiúlachta.** Tá an tAontas tar éis titim chun deiridh ar na Stáit Aontaithe maidir le hardteicneolaíochtaí, agus tá an tSín tar éis breith suas in go leor earnálacha, agus tá an rás ceannaireachta á bhuachan aici i réimsí nua fáis áirithe. Is é an easpa nuálaíochta an bhunchúis atá leis sin. Tá ag teip ar an Eoraip a cuid smaointe a aistriú ina dteicneolaíochtaí nua inmhargaidh, agus tá ag teip uirthi na teicneolaíochtaí sin a chomhtháthú ina bonn tionsclaíoch. San am céanna, tá srianta intíre ag cur bac ar chumas cuideachtaí Eorpacha cur i gcoinne. Tá siad á mbrú ag praghsanna arda fuinnimh agus ag ualach mór rialála. Ina theannta sin, tá siad ag tabhairt aghaidh ar éagothromaíochtaí sa chothrom iomaíochta domhanda atá ag éirí níos mó, arb é is príomhthréith dóibh úsáid a bhaint as fóirdheontais thionsclaíocha thar lear ar mhórscála. Ina theannta sin, tá an Eoraip ag brath níos mó agus níos mó ar ionchuir straitéiseacha agus ar shlabhraí soláthair atá thar a bheith comhchruinnithe.

**Chun todhchaí an Aontais mar lárionad cumhachta eacnamaíche, mar cheann scríbe infheistíochta agus mar lárionad monaraíochta a chosaint, tá géarghá le freagairt dhiongbháilte ón Eoraip.**

**Ní hé an fás eacnamaíoch amháin atá i mbaol don Eoraip, ach todhchaí a samhla.** Mura méadaíonn an Eoraip a táirgiúlacht, tá an baol ann go mbeidh sí sáinnithe ar chonair ísealfháis, le níos lú ioncaim do dhaoine fostaithe, níos lú leasa do dhaoine faoi mhíbhuntáiste agus níos lú deiseanna do chách. Tá domhan ina bhfuil iomaíocht ghéar idir na mórchumhachtaí os comhair na hEorpa, iomaíocht le haghaidh ardcheannas teicneolaíochta, agus rás chun smacht a fháil ar acmhainní. I ndomhan mar seo, ní féidir iomaíochas na hEorpa agus an méid a seasann an Eoraip dó a scaradh ó chéile.

Beidh ár saoirse, ár slándáil agus ár neamhspleáchas ag brath níos mó ná riamh ar ár gcumas a bheith nuálach, dul san iomaíocht agus fás. Beidh siad sin ar na príomhuirlisí chun an t-aistriú teicneolaíochta agus an t-aistriú fuinnimh san Aontas a mhaoiniú. Cinnteoidh siad go mbeidh ár múnla sóisialta sainiúil inbhuanaithe i gcónaí. Agus cuirfidh siad na hacmhainní ar fáil don Eoraip chun a slándáil a ráthú agus chun ról domhanda a imirt i ngnóthaí eachtracha. Tá sé ríthábhachtach na dálaí a chruthú chun go mbeidh rath ar ghnólachtaí agus ina mbeidh an deis chéanna ag gach duine a bheith rathúil. An t-iomaíochas agus an táirgiúlacht a mhéadú, beidh an méid sin fite fuaite i gcumhachtú daoine. Is spreagadh cumhachtach é an geilleagar glan chun Eoraip níos iomaíche a bhaint amach. Ní mór don Aontas a rathúnas agus a iomaíochas inbhuanaithe a áirithiú, agus a gheilleagar sóisialta margaidh ar leith á chaomhnú san am céanna, agus a cheannasacht, a shlándáil eacnamaíoch agus a thionchar domhanda á gcoimirciú aige. Mar a dúradh sa

rabhadh a thug Mario Draghi, má ghlacann an Eoraip le meath eacnamaíoch a bhainistítear agus a tharlaíonn de réir a chéile, beidh 'céasadh mall' á chruthú aici di féin.

I mí Feabhra 2024, d'fhormhuinigh ionadaithe gnó agus ceardchumainn na hEorpa Dearbhú Antuairp inar iarradh go mbeadh Comhaontú Tionsclaíoch ann. Tá rabhadh tugtha i d**Tuarascáil Letta** ([1]) nach mór don Eoraip i bhfad níos mó giarála a dhéanamh ar a Margadh Aonair nó ní bheidh sí ábhartha a thuilleadh i ndomhan ina mbeidh iomaíocht idir mórchumhachtaí ina buntréith. Bhí baol an díthionsclaithe agus an chruatain eacnamaíoch lárnach sa díospóireacht phoiblí ar fud na mBallstát roimh na toghcháin Eorpacha. Ag tógáil ar Chlár Oibre Straitéiseach na Comhairle Eorpaí, ghlac ceannairí an Aontais Dearbhú Bhúdaipeist lena n-iarrtar Comhaontú nua maidir le hiomaíochas na hEorpa.

Le **Tuarascáil Draghi** ([2]), a ullmhaíodh arna iarraidh sin d'Uachtarán an Choimisiúin von der Leyen, cuireadh anailís ghéar ar fáil ar chruachás na hEorpa. Tugtar rabhadh sa Tuarascáil nach mbeidh an Eoraip in ann brath a thuilleadh ar go leor de na tosca a thacaigh leis an bhfás san am a chuaigh thart: éileamh seachtrach láidir arna spreagadh ag córas trádála domhanda oscailte, rochtain ar fhuinneamh breosla iontaise atá saor agus flúirseach, agus an 'díbhinn síochána' a cuireadh ar fáil le tréimhse réasúnta cobhsaíochta geopholaitiúla, rud a chuir ar a gcumas do rialtais an Aontais airgead a caitheamh ar thosaíochtaí eile. Tá a cuid spreagthaí fáis á gcailleadh ag an Eoraip faoi láthair agus riachtanais ollmhóra infheistíochta os a comhair chun a geilleagar a nuachóiriú, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a mhaoiniú, agus a slándáil a chinntiú. Leagtar amach i dTuarascáil Draghi diagnóis shoiléir agus tugtar moltaí nithiúla inti chun an Eoraip a chur ar chonair dhifriúil. **Tá sé in am dul i mbun gnímh**.

Tá sainordú polaitiúil uaillmhianach ag an gCoimisiún nua, bunaithe ar Threoirlínte Polaitiúla an Uachtaráin, le bheith ina Choimisiún don bhfás agus don infheistíocht. Tá an t-iomaíochas chun tosaigh agus i gcroílár an tsainordaithe sin. **Leagtar amach sa Teachtaireacht seo compás a threoróidh an obair sna cúig bliana amach romhainn agus liostaítear inti gníomhaíochtaí tosaíochta chun dinimiceas eacnamaíoch a athbhunú san Eoraip.**

*Samhail nua iomaíochais atá bunaithe ar tháirgiúlacht atá faoi stiúir na nuálaíochta*

**Léirítear i dtuarascáil Draghi nach mór an nuálaíocht a bheith i gcroílár athnuachan na hEorpa, agus deireadh a chur le srianta eile a chuireann bac ar fhás san am céanna.** Tá struchtúr tionsclaíoch na hEorpa éirithe statach, agus é go mór faoi cheannas earnálacha traidisiúnta a chaitheann níos lú ar thaighde agus ar nuálaíocht i comparáid le hearnálacha atá faoi stiúir na teicneolaíochta sna Stáit Aontaithe, agus is beag gnólacht nuathionscanta a shroicheann mais chriticiúil le teicneolaíochtaí ceannródaíocha nua ([3]). Agus an daonra ag dul i laghad, ní féidir leis an Eoraip brath ar ionchuir saothair atá ag dul i méid chun borradh a chur faoin bhfás amach anseo. Dá bhrí sin, ní mór an táirgiúlacht a

([1]) https://www.consilium.europa.eu/media/ny3j24sm/much-more-than-a-market-report-by-enrico-letta.pdf

([2]) https://commission.europa.eu/topics/strengthening-european-competitiveness/eu-competitiveness-looking-ahead_ga

([3]) An Coimisiún Eorpach (2025), An Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas Is ionann é sin agus thart ar dhá thrian den bhearna in OTI *per capita* idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe.

athbheochan trí bhogadh i dtreo na teorann nuálaíochta agus trí infheistíocht a dhéanamh i scileanna, seachas trí shrian a chur ar phá.

San am céanna, ní mór don Eoraip aghaidh a thabhairt ar bhaic eile a d'fhéadfadh a bheith ann maidir lena hiomaíochas. Ní mór don aistriú chuig geilleagar dícharbónaithe a bheith fabhrach don iomaíochas agus neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, agus ní mór don aistriú chuig foinsí fuinnimh níos glaine costais fuinnimh agus luaineacht praghsanna a laghdú. Ní mór rialáil ón Aontas a bheith comhréireach. Ní mór don Aontas a láithreacht thionsclaíoch i bpríomhearnálacha teicneolaíochta a ráthú freisin agus rioscaí dá shlándáil agus dá athléimneacht a eascraíonn as spleáchais a mhaolú — murach sin, beidh éiginnteacht gheopholaitiúil ina bac ar an ionchas dár gcuideachtaí agus beidh tionchar aici ar infheistíocht.

**Is é sprioc an Chompáis láidreachtaí dúchasacha na hEorpa a chothú, leas a bhaint as a hacmhainní agus deireadh a chur leis na bacainní ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta.**

**Ní mór don Eoraip a bheith ar an áit a ndéanfar teicneolaíochtaí, seirbhísí agus táirgí glana an lae amárach a cheapadh, a mhonarú agus a mhargú, agus muid ag leanúint ar an mbóthar ceart i dtreo na haeráidneodrachta**. Eoraip ina bhfuil nuálaíocht cheannródaíoch san eolaíocht agus sa taighde fós. Ina gcoinnítear agus ina mealltar na tallanna is fearr ar domhan agus ina gcuirtear poist ar ardchaighdeán ar fáil do chách. Ina neartaíonn cóineasú aníos idir réigiúin ár seasamh domhanda agus ár n-aontacht. Atá ina ceann scríbe ceannródaíoch infheistíochta domhanda agus a thugann luach saothair don riosca agus don bhfiontraíocht.

*Compás Iomaíochais*

Leis an gCompás Iomaíochais, bunaítear an t-iomaíochas mar cheann de phrionsabail uileghabhálacha an Aontais le haghaidh gníomhaíochta.

Tá dhá sprioc leathana á saothrú ag an gCompás. Ar an gcéad dul síos, na hathruithe beartais a shainaithint is gá chun go ngníomhóidh an Eoraip ar luas níos tapúla. I réimsí áirithe, beidh gá leis na beartais atá ann cheana a uasghrádú; i gcásanna eile, tá gá le mórathrú chun dul in oiriúint do dhálaí nua. Is é an dara sprioc bealaí nua a fhorbairt chun oibriú le chéile chun luas agus cáilíocht na cinnteoireachta a mhéadú, ár gcreataí agus ár rialacha a shimpliú, agus ilroinnt a shárú. Ní féidir leis an Eoraip a hiomaitheoirí a bhfuil diminsin mór-ranna acu a mheaitseáil ach amháin má tá beartais an Aontais agus beartais náisiúnta ailínithe de réir na gcuspóirí céanna agus má threisíonn siad a chéile. Ós rud é go bhfuil go leor príomhluamhán, idir chánachas agus mhargaí saothair agus bheartais thionsclaíocha, faoi chúram rialtais an Aontais den chuid is mó nó go páirteach, beidh athchóirithe agus infheistíocht náisiúnta chomhordaithe ina bpríomhchuid den straitéis fhoriomlán sin.

Sainaithníodh i dTuarascáil Draghi **trí riachtanas claochlaitheacha chun borradh a chur faoin iomaíochas**, agus leagtar amach sa Chompás cur chuige agus rogha bearta suaitheanta chun gach ceann de na riachtanais sin a chur i gcrích sna blianta amach romhainn:

- An bhearna nuálaíochta a dhúnadh
- Treochlár comhpháirteach don dícharbónú agus don iomaíochas

- Spleáchais iomarcacha a laghdú agus slándáil a mhéadú

Comhlánaítear na príomhphointí sin le gníomhaíocht maidir le **cumasóirí cothrománacha**, rud atá riachtanach chun taca a chur faoin iomaíochas ar fud na n-earnálacha uile:

- an timpeallacht rialála a **shimpliú**, an t-ualach a laghdú agus tús áite a thabhairt do luas agus do sholúbthacht;

- leas iomlán a bhaint as buntáistí scála a chuireann an **Margadh Aonair** ar fáil trí bhacainní a bhaint;

- **maoiniú** trí Aontas Coigiltis agus Infheistíochta agus trí bhuiséad athdhírithe de chuid an Aontais;

- **scileanna agus poist ar ardchaighdeán** a chur chun cinn agus cothroime shóisialta á cinntiú

- **comhordú níos fearr a dhéanamh ar bheartais** ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

Leagtar amach amlíne agus liosta neamh-uileghabhálach de thionscnaimh atá beartaithe ag deireadh gach rannáin.

*Fíor 1: an Compás Iomaíochais*




## 1 . Na trí riachtanas claochlaitheacha chun an t-iomaíochas a neartú

### 1.1. An bhearna nuálaíochta a dhúnadh

Tá sciar na hEorpa de phaitinní domhanda inchomparáide le sciar na Stát Aontaithe agus na Síne. Mar sin féin, ní bhaintear leas tráchtála ach as aon trian de na paitinní atá cláraithe ag ollscoileanna an Aontais ([4]). I gcás taighdeoirí agus fiontraithe Eorpacha, tá bacainní ag baint leis an mbealach ó fhionnachtain agus paitinniú go dtí an margadh.

**Ní mór don Aontas fáinne óir nuálaíochta a atosú**. Léirítear i dtuarascáil Draghi go bhfuil fás táirgiúlachta mar thoradh ar mheascán de dhá fhórsa: nuálaíocht shuaiteach de thoradh gnólachtaí nuathionscanta dinimiciúla nua a thugann dúshlán na ngnólachtaí ata ann cheana: agus gnóthachain éifeachtúlachta i dtionscail thraidisiúnta aibí a chuireann na nuálaíochtaí sin i bhfeidhm. Má tá an dá fhórsa sin lag — mar atá san Eoraip — éiríonn an geilleagar sáinnithe in earnálacha ina bhfuil raon feidhme laghdaithe le haghaidh nuálaíocht radacach, agus stop ar chaiteachas T & F san earnáil phríobháideach ([5]). **Más mian linn 'déanta san Eoraip' a bheith i réim i dtodhchaí na tionsclaíochta, ní mór don Aontas timthriall na nuálaíochta a athbheochan**.

([4]) An Coimisiún Eorpach (2025), An Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas

([5]) CAI, 2024, An Réamhaisnéis Eacnamaíoch Réigiúnach, Nóta, an Eoraip - *Europe's Declining Productivity Growth:Diagnoses and Remedies*, [Fás Táirgiúlachta á Laghdú ag an Eoraip: Diagnóis agus Leigheasanna], 13 Samhain, 2024

**Faoi láthair, tá ilroinnt an mhargaidh, srianta caipitil riosca agus tacaíocht nuálaíochta neamhleor ag cur bac ar chuideachtaí san Eoraip a thosú agus a mhéadú**. Tá tréimhse chrua ag gnólachtaí nuathionscanta Eorpacha leathnú laistigh den Mhargadh Aonair mar gheall ar bhacainní rialála leanúnacha. Ina theannta sin, is lú an rochtain atá acu ar chaipiteal fiontair agus ar chineálacha eile caipitil riosca ná mar atá ag a bpiaraí sna Stáit Aontaithe: Níl i sciar na gcistí caipitil fiontair domhanda a thiomsaítear san Aontas ach 5 %, i gcomparáid le 52 % sna Stáit Aontaithe agus 40 % sa tSín ([6]). Treisíonn an dá thoisc sin a chéile: lagaíonn ionchais fáis níos ísle do ghnólachtaí nuathionscanta an Aontais agus lagaíonn costais níos airde teipe a dtarraingteacht i súile na n-infheisteoirí. Mar thoradh air sin, lorgaíonn go leor acu maoiniú sna Stáit Aontaithe agus athlonnaíonn siad ansin chun leas a bhaint as margadh agus bonn custaiméirí níos mó.

**Le Straitéis thiomnaithe an Aontais um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus um Ghnólachtaí atá ag méadú, tabharfar aghaidh ar na bacainní atá ag cur cosc ar chuideachtaí nua teacht chun cinn agus uas-scálú**. Cuirfear tús leis trí fheabhas a chur ar an gcaidreamh idir ollscoileanna agus gnólachtaí agus trí ionchais níos fearr a chruthú maidir le paitinní a thráchtálú. Cuirfidh sé deireadh leis na bacainní a chruthaítear mar gheall ar easpa rochtana ar chaipiteal riosca, Margadh Aonair ilroinnte agus infhaighteacht agus soghluaisteacht theoranta tallainne agus oibrithe oilte, chomh maith le tacaíocht nuálaíochta nach bhfuil spriocdhírithe go leordhóthanach. Leis an n**Gníomh Eorpach um Nuálaíocht**, cuirfear chun cinn rochtain cuideachtaí nuálacha ar bhonneagair taighde agus teicneolaíochta Eorpacha, ar shócmhainní intleachtúla arna nginiúint ag T & F a mhaoinítear go poiblí i bhfianaise paitinniú a bheith ag méadú, agus ar bhoscaí gainimh rialála lena gcuirfear ar a gcumas do nuálaithe smaointe nua a fhorbairt agus a thástáil.

Dá mbeadh cuideachtaí nuálacha in ann tairbhe a bhaint as tacar aonair chomhchuibhithe rialacha cibé áit a ndéanann siad infheistíocht sa Mhargadh Aonair agus cibé áit a n-oibríonn siad ann, seachas aghaidh a thabhairt ar 27 gcóras dlí ar leith, bheadh sé sin ina dheis chinniúnach. Dá bhrí sin, molfaidh an Coimisiún **an 28ú córas dlí**, lena simpleofar na rialacha is infheidhme agus lena laghdófar an costas mainneachtana, lena n-áirítear aon ghné ábhartha den dlí corparáideach, den dócmhainneacht, den dlí saothair agus den dlí cánach.

**De réir mar a fhásann cuideachtaí nuálacha san Eoraip, déanfaidh an tAontas gach rud is féidir lena chinntiú go bhfuil an maoiniú acu atá de dhíth orthu**. Níl easpa caipitil san Eoraip, ach cuirtear ar fáil í den chuid is mó trí mhaoiniú bainc seachas trí chothromas nó trí chineálacha eile caipitil riosca. Chun timpeallacht maoinithe níos oiriúnaí a chruthú do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú, cuirfear bearta i láthair sna tionscnaimh atá le teacht faoin Aontas Coigiltis agus Infheistíochta chun borradh a chur faoi chaipiteal fiontair Eorpach (féach roinn 2.3).

Ina theannta sin, oibreoidh an Coimisiún le Grúpa BEI agus le hinfheisteoirí príobháideacha chun clár infheistíochta TechEU a chur in úsáid chun cabhrú leis an mbearna mhaoiniúcháin a dhúnadh chun tacú leis an nuálaíocht shuaiteach, chun acmhainneacht thionsclaíoch na hEorpa a neartú agus chun cuideachtaí na hEorpa ata ag méadú a neartú, ar cuideachtaí iad a infheistíonn i dteicneolaíochtaí nuálacha amhail an intleacht shaorga, an teicneolaíocht ghlan, amhábhair chriticiúla, stóráil fuinnimh, an ríomhaireacht chandamach, leathsheoltóirí, na heolaíochtaí saoil, agus an néartheicneolaíocht.

---

([6]) An Banc Eorpach Infheistíochta (BEI), *The scale-up gap: Financial markets constraints holding back innovative firms in the European Union* [An bhearna uas-scálaithe: Srianta ar na margaí airgeadais ag coinneáil siar gnólachtaí nuálacha san Aontas Eorpach], 2024

De réir mar a fhorbrófar an fhís do thodhchaí na talmhaíochta agus na gcóras bia, ba cheart tacú le fiontraíocht feirmeoireachta freisin mar spreagadh do chleachtais feirmeoireachta nuálacha agus níos inbhuanaithe.

**Tacóidh an Eoraip freisin leis an bpíblíne nuálaíochta le fócas nua ar chaiteachas T & F a ardú agus é a chomhordú ar thionscadail ardtionchair.** Chun feabhas a chur ar an timpeallacht fhoriomlán lena ngintear nuálaíocht, cuirfidh an Coimisiún **Gníomh um an Limistéar Eorpach Taighde** i láthair chun infheistíocht T & F a neartú agus í a thabhairt suas go dtí an sprioc 3 % OTI, tacaíocht taighde a dhíriú níos mó ar thosaíochtaí straitéiseacha, ailíniú idir tosaíochtaí cistiúcháin an Aontais agus na mBallstát a threisiú, agus cúrsaíocht eolais agus tallainne ar fud na hEorpa a chothú. Mar a moladh i dTuarascáil Draghi, ba cheart leanúint den obair ar chuir an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach tús léi chun tacú le huas-scálú cuideachtaí ardriosca, agus riosca níos mó á ghlacadh, arna spreagadh ag gnéithe de shamhail DARPA ([7]).

*Barr feabhais a bhaint amach maidir leis na teicneolaíochtaí do gheilleagar an lae amárach*

**De réir mar a bhaintear bacainní ar uas-scálú, ní mór don Eoraip na dálaí a chinntiú chun go mbeidh rath ar ardteicneolaíochtaí.** Ní mór don Eoraip a bheith ar thús cadhnaíochta sa nuálaíocht in earnálacha teicneolaíochta a bheidh tábhachtach sa gheilleagar amach anseo – amhail an Intleacht Shaorga (IS), teicneolaíochtaí leathsheoltóra agus candamacha, ardábhair, bith-theicneolaíochtaí, teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain, róbataic, teicneolaíochtaí spáis, soghluaisteacht nasctha agus uathrialach, agus eile — chun ceannasacht theicneolaíoch agus iomaíochas a fheabhsú.

Tá an Eoraip ar thús cadhnaíochta maidir le creat cobhsaí slán a chur ar fáil do chuideachtaí a fhorbraíonn agus a fheidhmíonn teicneolaíochtaí digiteacha sa Mhargadh Aonair, le bearta amhail na Gníomhartha um Sonraí agus Rialachas Sonraí, an Gníomh um Chibear-Athléimneacht agus an Gníomh um an Intleacht Shaorga, agus tionscnaimh earnála amhail an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta agus an Spás Sonraí Sláinte Eorpach nua. Bhí tionchar ag caighdeáin Eorpacha ar fhorás an chreata rialála dhomhanda. Ní mór díriú anois ar ár dtallann teicneolaíochta a chumasú agus ar fhorbairt thionsclaíoch den chéad scoth a chothú san Aontas chun leas a bhaint as na gnóthachain táirgiúlachta ón teicneolaíocht.

**Tá na bonneagair ríomhaireachta, néalríomhaireachta agus sonraí a theastaíonn ó cheannaireacht IS de dhíth ar an Eoraip.** Mar chuid den **straitéis um Mór-Roinn na hIntleachta Saorga**, beidh sé d'aidhm ag an tionscnamh um **Monarchana IS** na tairbhí uile a bhaineann le comhiomlánú agus éifeachtaí líonra ar an leibhéal Eorpach a ghiaráil. Ag tógáil ar líonra sár-ríomhairí EuroHPC na hEorpa atá ann cheana, bunaítear leis an tionscnamh 'monarchana IS' chun borradh a chur faoi chumhacht ríomhaireachta na hEorpa agus cuireann sé deis inrochtana ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta, do thaighdeoirí agus don tionscal oiliúint, forbairt agus feabhas a chur ar a samhlacha intleachta saorga. San am céanna, trí **Néalríomhaireacht an Aontais agus Gníomh an Aontais um Fhorbairt IS**, déanfaidh an Coimisiún tionscnamh poiblí agus príobháideach a shlógadh chun Gigeamhonarchana IS nua a bhunú a bheidh speisialaithe in oiliúint samhlacha IS an-mhór lena gcumasófar príomhéiceachórais IS ar fud an Aontais. Socrófar leis an nGníomh freisin critéir íosta le haghaidh néalseirbhísí a chuirtear ar fáil san Eoraip. Comhlánófar leis sin tacaíocht do dhearadh agus do mhonarú sliseanna san Eoraip, lena n-

([7]) Tuarascáil Draghi *The future of European competitiveness – In-depth analysis and recommendations*[Todhchaí iomaíochas na hEorpa – Grinn-anailís agus moltaí], leathanach 248

áirítear gníomhaíochtaí breise i ndáil le sliseanna intleachta saorga ceannródaíocha. Ós rud é gur cuid riachtanach d'fhorbairt na hintleachta saorga é sonraí móra ardcháilíochta a bheith ar fáil, molfaidh an Coimisiún **Straitéis um Aontas Sonraí** chun comhroinnt sonraí príobháideacha agus poiblí a fheabhsú agus a éascú, chun an córas rialála agus a chur i bhfeidhm a shimpliú, agus chun dlús a chur le forbairt córas nó feidhmchlár nua.

Ina theannta sin, ní mór don Eoraip a bheith i gcónaí ar thús cadhnaíochta i d**teicneolaíochtaí candamacha**, ar féidir leo athrú ó bhonn a dhéanamh ar chórais criptiúcháin dhigitigh atá mar bhonn taca le cumarsáid slándála agus cosanta an lae inniu, leis an tsláinte trí scanadh agus trí fhionnachtain drugaí, chomh maith le hidirbhearta gnó. Le **Straitéis Chandamach** agus **Gníomh Candamach**, cuirfear leis an nGníomh um Shliseanna atá ann cheana chun aghaidh a thabhairt ar ilroinnt rialála, chun cláir an Aontais agus cláir náisiúnta a ailíniú agus chun tacú le hinfheistíocht i mbonneagar uile-Eorpach ríomhaireachta candamaí, cumarsáide agus braite.

*Infheistiú sna spreagthaí nua fáis*

Tá na heolaíochtaí beatha ag spreagadh na nuálaíochta sa bhith-theicneolaíocht, agus tá acmhainneacht mhór iomaíochais acu ar fud na n-earnálacha, idir chógaisíocht agus an talmhaíocht, idir an fuinneamh agus an bia agus an bheatha. Le **Straitéis Bhithgheilleagair an Aontais**, tabharfar áit don Aontas sa mhargadh bithgheilleagair atá ag fás go tapa agus ag a bhfuil acmhainneacht shuntasach fáis in earnálacha na n-ábhar bithbhunaithe, na bithmhonaraíochta, na mbithcheimiceán agus na hagrai-bhith-theicneolaíochta, laghdófar ár spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus cuirfear feabhas ar pheirspictíochtaí eacnamaíocha ár gceantar tuaithe. Le **Gníomh Eorpach um an mBith-theicneolaíocht** nua, cuirfear creat réamhbhreathnaitheach ar fáil a chuideoidh leis an nuálaíocht i réimsí amhail measúnú ar theicneolaíochtaí sláinte agus trialacha cliniciúla agus ar bhonn níos ginearálta chun an acmhainneacht is féidir le bith-theicneolaíochtaí a thabhairt dár ngeilleagar a ghiaráil.

Tiocfaidh méadú as cuimse ar an éileamh ar **ardábhair nuálacha** sna blianta amach romhainn, rud a mheallfaidh infheistíochtaí agus a dhéanfaidh slabhraí soláthair domhanda a athmhúnlú. Cuirfidh an Coimisiún **Gníomh um Ardábhair** ar aghaidh chun na creatchoinníollacha a sholáthar chun tacú leis an saolré iomlán, idir thaighde agus nuálaíocht, idir chruthú gnólachtaí nuathionscanta agus mhonarú agus chur in úsáid.

Ar an gcaoi chéanna, is earnáil ardteicneolaíochta í earnáil an **spáis** agus meastar go dtiocfaidh fás 9 n-uaire uirthi faoi 2030. Ní mór iomaíochas earnáil spáis na hEorpa a chaomhnú trí chomhordú níos fearr a dhéanamh ar an gcaiteachas poiblí agus trí thacú le hinfheistíochtaí gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú san Eoraip agus trí athléimneacht slabhra soláthair an spáis a threisiú. Le togra le haghaidh **Gníomh Spáis**, déanfar feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh do ghníomhaíochtaí spáis a choimirciú agus a fheabhsú trí thacar beart lena gcomhchuibhítear ceanglais maidir le sábháilteacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht gníomhaíochtaí spáis ar leibhéal an Aontais agus lena mbaintear an ilroinnt a eascraíonn as an reachtaíocht náisiúnta.

**Is luamhán tábhachtach é an beartas iomaíochta freisin chun iomaíochas na hEorpa a neartú**. Le forfheidhmiú dian éifeachtach in aghaidh trustaí agus cumasc i gcomhréir le rialacha soiléire intuartha, cosnaítear iomaíocht chóir agus dreasaítear cuideachtaí chun nuáil a dhéanamh agus chun bheith níos éifeachtúla. San am céanna, sa rás domhanda chun teicneolaíochtaí doimhne agus nuálaíochtaí ceannródaíocha a fhorbairt, ní mór don bheartas iomaíochta coinneáil suas leis na margaí agus leis an nuálaíocht teicneolaíochta

atá ag athrú. Chuige sin, tá gá le cur chuige nua, a bheidh dírithe níos fearr ar spriocanna comhchoiteanna agus a chuirfidh ar a gcumas do chuideachtaí uas-scálú sna margaí domhanda — agus cothrom iomaíochta sa Mhargadh Aonair á chinntiú i gcónaí san am céanna.

Ba cheart é sin a léiriú i d**treoirlínte nua chun measúnú a dhéanamh ar chumaisc** ionas go dtabharfar aird leordhóthanach ar nuálaíocht, athléimneacht agus déine infheistíochta na hiomaíochta in earnálacha straitéiseacha áirithe i bhfianaise ghéar-riachtanais gheilleagar na hEorpa. Ar bhonn níos ginearálta, leis an gcur chuige nua maidir le beartas iomaíochta an Aontais, éilítear orainn ní hamháin forfheidhmiú a shimpliú agus dlús a chur leis, ach forfheidhmiú a neartú agus é a bheith níos spriocdhírithe freisin. Áiritheofar leis cur chuige comhleanúnach a bheidh fabhrach do chuspóirí foriomlána an Aontais, go háirithe maidir leis an mbearna nuálaíochta a dhúnadh, aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le scála éifeachtúil i gcás inarb ábhartha, agus tacú le dícharbónú thionscal an Aontais. Ina theannta sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an gcreat Aistrithe Teicneolaíochta ([8]), chun a áirithiú go mbeidh rialacha soiléire, simplí agus cothrom le dáta ag cuideachtaí maidir le comhaontuithe ceadúnúcháin teicneolaíochta atá i bhfabhar na hiomaíochta, rud a éascóidh scaipeadh teicneolaíochta, a spreagfaidh T & F tosaigh, agus a chuirfidh nuálaíocht chun cinn. Le forfheidhmiú an Ghnímh um Margaí Digiteacha, osclófar éiceachórais dhúnta agus cuirfear ar a gcumas do ghnólachtaí nuálacha seirbhísí digiteacha nua a mholadh do chustaiméirí. Ar deireadh, cuirfidh an Coimisiún úsáid níos leithne de Thionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEInna) chun cinn, i gcomhar leis an Uirlis um Chomhordú Iomaíochais (féach roinn 2.5).

*Nuálaíocht a scaipeadh ar fud an gheilleagair ina iomláine*

**Is iad digitiú agus scaipeadh ardteicneolaíochtaí ar fud gheilleagar na hEorpa an dara comhábhar is gá chun fás táirgiúlachta na hEorpa a ardú.** Ar an iomlán, cumasófar go digiteach 70 % den luach nua a chruthófar sa gheilleagar domhanda sna 10 mbliana amach romhainn ([9]).

**Beidh sé ríthábhachtach IS a chomhtháthú in earnálacha straitéiseacha ina raibh an Eoraip láidir go traidisiúnta chun a mbuntáiste iomaíoch a choinneáil**. Sa lá atá inniu ann, ní ghlacann ach sciar teoranta de ghnólachtaí an Aontais teicneolaíochtaí digiteacha — mar shampla 13 % i gcás na hintleachta saorga ([10]). Beidh sé d'aidhm ag an **Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga** borradh a chur faoi úsáidí tionsclaíocha nua na hintleachta saorga in earnálacha amhail monaraíocht, mótarfheithiclí, fuinneamh, róbataic, cógaisíocht agus aerloingseoireacht, seirbhísí airgeadais, chomh maith le feabhas a chur ar sheirbhísí poiblí, mar shampla sa chúram sláinte agus i réimse an cheartais.

**Le digitiú na seirbhísí poiblí agus le comhtháthú na hintleachta saorga san earnáil phoiblí, cuirfear feabhas ar an iomaíochas**. D'fhéadfaí comhordú agus tacaíocht níos fearr ar fud an Aontais maidir leis na cásanna úsáide ingearaí IS sin agus IS don eolaíocht a áirithiú trí 'CERN le haghaidh IS'. Agus iad ag obair sa treo sin, ní mór don **Chomhairle**

---

([8]) An Rialachán Blocdhíolúine maidir le hAistriú Teicneolaíochta agus ar na Treoirlínte maidir le hAistriú Teicneolaíochta

([9]) An Fóram Domhanda Eacnamaíoch, *For inclusive growth, leaders must embrace a global and open economic future* [Ar mhaithe leis an bhfás cuimsitheach, ní mór do na ceannairí glacadh le todhchaí eacnamaíoch dhomhanda oscailte], Eanáir 2025

([10]) Eurostat, *EU survey on ICT usage and e-commerce in enterprises* [Suirbhé an Aontais Eorpaigh ar úsáid TFC agus ar ríomhthráchtáil i bhfiontair] (Eanáir 2025). Cé gur fás suntasach bliain ar bhliain é sin, tá an acmhainneacht le haghaidh úsáid IS atá i bhfad níos leithne fós tearcshaothraithe.

**Eorpach um Thaighde** agus don **Chomhairle Nuálaíochta Eorpach** oibriú ina réimsí faoi seach ar feadh na leasanna straitéiseacha céanna agus comhoibriú níos dlúithe chun torthaí a bhaint amach.

Ní mór do chuideachtaí monaraíochta ceannródaíocha a ndéine T & F a mhéadú agus dlús a chur le scaipeadh na nuálaíochta san am céanna. D'fhéadfadh comhpháirtíochtaí straitéiseacha le gnólachtaí nuathionscanta forbairt táirgí agus córas nua a chothú. Cuirfidh maoiniú taighde ón Aontas amach anseo tacaíocht spriocdhírithe ar fáil d'iomaíochas tionsclaíoch le cur chuige níos straitéisí agus níos lú maorlathais chun tacú leis an aistriú ó thaighde feidhmeach go céim an mhéadaithe.

**Chun an bhearna nuálaíochta a dhúnadh, beidh gá le hinfheistíocht i mbonneagar digiteach úrscothach**, lena n-áirítear líonraí snáithín nua-aimseartha, réitigh gan sreang agus satailíte, infheistíochtaí in 6G agus cumais néalríomhaireachta. Mar sin féin, tá an Eoraip i bhfad taobh thiar dá spriocanna 2030 don Deacáid Dhigiteach le haghaidh naisc bhonneagair. Chun an bealach ceart a réiteach, le **Gníomh um Líonraí Digiteacha**, molfar réitigh chun feabhas a chur ar dhreasachtaí margaidh d'fhonn líonraí digiteacha na todhchaí a thógáil, chun an t-ualach agus na costais chomhlíontachta a laghdú, chun nascacht dhigiteach a fheabhsú d'úsáideoirí deiridh, trí mhargadh aonair comhtháite a chruthú le haghaidh nascachta agus beartas speictrim níos comhordaithe de chuid an Aontais a bheith ann.

**Gníomhaíochtaí suaitheanta Cholún 1**

- Straitéis um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus um Ghnólachtaí atá i mbun Fáis [R2 2025]
- An 28ú Córas [R4 2025 – R1 2026]
- An Ionstraim Eorpach um Nuálaíocht [R4 2025 – R1 2026]
- An Gníomh um an Limistéar Eorpach Taighde [2026]
- An Tionscnamh um Monarchana IS [R1 2025], an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga, an Straitéis um IS san Eolaíocht agus an Straitéis um Aontas Sonraí a chur i bhfeidhm [R3 2025].
- Néalríomhaireacht an Aontais agus Gníomh an Aontais um Fhorbairt IS [R4 2025 – R1 2026]
- Straitéis Chandamach an Aontais [R2 2025] agus Gníomh Candamach [R4 2025]
- An Gníomh Eorpach um an mBith-theicneolaíocht agus an Straitéis Bhithgheilleagair [2025-2026]
- An Straitéis um Eolaíochtaí Beatha [R2 2025]
- An Gníomh um Ardábhair [2026]
- An Gníomh Spáis [R2 2025]
- Athbhreithniú ar na Treoirlínte maidir le Cumaisc Chothrománacha a Rialú

### 1.2. Treochlár comhpháirteach don dícharbónú agus don iomaíochas

**Tá creat uaillmhianach leagtha amach ag an Eoraip le bheith ina gheilleagar dícharbónaithe faoi 2050**. Leanfaidh sí ar an mbóthar ceart, lena n-áirítear trí sprioc idirmheánach 2040 de 90 % ([11]). Is féidir leis an gcreat sin borradh a chur faoin iomaíochas má bhíonn cuspóirí agus beartais ailínithe go maith, toisc go dtugann sé cinnteacht agus intuarthacht do chuideachtaí agus d'infheisteoirí araon. Thairis sin, mar a léirítear i dTuarascáil Draghi, bíonn beartais dícharbónaithe ina spreagadh mór don fhás nuair a bhíonn siad comhtháite go maith le beartais thionsclaíocha, iomaíochta, eacnamaíocha agus trádála. Spreagfaidh an tuairim sin an tionscnamh an **Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan**, arb é is aidhm dó an tAontas a dhaingniú mar shuíomh tarraingteach don mhonaraíocht, lena n-áirítear do thionscail atá dian ar fhuinneamh, agus an teicneolaíocht ghlan agus samhlacha gnó ciorclacha nua á gcur chun cinn, chun na cuspóirí dícharbónaithe comhaontaithe a bhaint amach san am céanna.

*Fuinneamh inacmhainne*

Ní mór don Aontas dul i ngleic roimh ré le saincheist na bpraghsanna arda luaineacha fuinnimh do chuideachtaí agus do theaghlaigh na hEorpa. Tá praghsanna fuinnimh i bhfad níos airde ná mar atá i réigiúin iomaitheoirí agus tá éagsúlachtaí suntasacha eatarthu ar fud an Aontais. Roinnt de na spreagthaí do phraghsanna arda fuinnimh san Eoraip, is spreagthaí struchtúrtha iad. Braitheann an Eoraip ar allmhairí breosla iontaise le haghaidh beagnach dhá thrian dá fuinneamh. Is í ionramháil na Rúise ar an spleáchas sin i gcomhthéacs a cogaidh fhoghaigh i gcoinne na hÚcráine is mó a spreagann na harduithe tobanna is déanaí ar phraghsanna. Ní féidir an spleáchas sin a laghdú ach le himeacht ama, ós rud é go dtáirgtear sciar níos mó fuinnimh ó ghiniúint dhícharbónaithe san Eoraip. Dá bhrí sin, ní mór don Aontas dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glan agus an leictriúchán a chur chun cinn. Ach is féidir cuid de chomhchodanna costais na bpraghsanna fuinnimh a mhaolú **sa ghearrthéarma,** ós rud é go ndéantar iad a chinneadh le neamhéifeachtúlachtaí i ndearadh taraifí gréasáin agus cánachais nó le heaspa comhtháthaithe sa mhargadh fuinnimh.

Tabharfar aghaidh ar na saincheisteanna sin sa **Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne**, trí raon beart chun a chinntiú go mbeidh rochtain dhíreach níos leithne ag teaghlaigh agus ag custaiméirí tionsclaíocha ar leictreachas ar chostas íseal. Cuideoidh an plean leis na tairbhí laghdaithe praghsanna a eascraíonn as comhtháthú breise an mhargaidh a ghiaráil, le húsáid ráthaíochtaí agus ionstraimí laghdaithe riosca a leathnú chun tabhairt i gcrích comhaontuithe ceannaigh cumhachta fadtéarmacha a éascú, le custaiméirí tionsclaíocha a dhreasú chun seirbhísí solúbthachta éilimh a sholáthar, agus le leithdháileadh cothrom ar chostais an chórais fuinnimh a spreagadh trí tharaifí atá deartha ar bhealach níos fearr.

**Gné fhíor-riachtanach den phlean seo is ea infheistíocht a dhéanamh in eangacha na hEorpa**, chun tacú leis an dul chun cinn i dtreo córas fuinnimh glan-nialasach, chun na rioscaí a bhaineann le ciorrú fuinnimh in-athnuaite a laghdú agus chun tairbhí a Margaidh

([11]) Féach Rogha na hEorpa: Treoirlínte Polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile 2024−2029.

Aonair Fuinnimh a ghiaráil. Ní mór don Eoraip tuilleadh infheistíochta a dhéanamh chun a gréasán um bonneagar tarchurtha agus dáileacháin fuinnimh a nuachóiriú agus a leathnú, agus dlús a chur leis an infheistíocht i ngréasáin iompair um leictreachas, hidrigin agus dé-ocsaíd carbóin agus i gcórais stórála.

*Cás gnó ar son táirgeadh glan*

**Chun an geilleagar a aistriú i dtreo táirgeadh glan agus ciorclaíocht ghlan, ní mór don Aontas príomh-mhargaí agus príomhbheartais a fhorbairt chun luach saothair a thabhairt do luath-thionscnóirí.** Is é an spreagadh is láidre sa phróiseas sin leas a bhaint as cumhacht mhargadh intíre an Aontais. Is féidir sin a dhéanamh le bearta nua chun éileamh ar tháirgí ísealcharbóin a spreagadh, amhail tagarmharcáil/lipéadú, sainorduithe nó tosaíocht sa soláthar poiblí nó dreasachtaí airgeadais trí chonarthaí difríochta. Agus é ag comhordú idir an tAontas agus na Ballstáit, cuirfidh an Coimisiún comhiomlánú éilimh chun cinn agus comhordóidh sé gníomhaíocht idir na Ballstáit, lena n-áirítear trí úsáid níos leithne agus níos éasca as scéimeanna 'ceantanna mar sheirbhís'([12]).

**Chomh maith le dreasachtaí éilimh, teastaíonn cuidiú ó tháirgeoirí teicneolaíochtaí glana chun gníomhaíocht nuálach a aistriú ina ceannaireacht mhonaraíochta.** Chun cuidiú níos fearr a thabhairt do chuideachtaí, go háirithe cuideachtaí atá dian ar fhuinneamh, agus iad ag déanamh iarrachta aistriú go teicneolaíochtaí glana, tá gá le creat státchabhrach solúbtha tacúil. Sa **Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan**, leagfaidh an Coimisiún amach conas is féidir infheistíocht le haghaidh dícharbónú a spreagadh a thuilleadh le cabhair dhea-spriocdhírithe shimplithe, agus saobhadh margaidh a sheachaint san am céanna. Mar an gcéanna, iarrfaidh an Coimisiún ar na Ballstáit a áirithiú maidir leis na gnéithe dá gcórais chánach a imríonn tionchar ar dhreasachtaí le hinfheistíocht phríobháideach a dhéanamh, amhail rialacha dímheasa agus creidmheasanna cánach, go spreagfaidh siad cás gnó ar son táirgeadh glan.

**Tá na hearnálacha atá dian ar fhuinneamh, amhail earnálacha na cruach, na miotal agus na gceimiceán, ar na hearnálacha is íogaire sa chéim seo den aistriú**. Is iad na tionscail sin is cnámh droma do chóras monaraíochta na hEorpa, mar go dtáirgeann siad ionchuir áirithe atá bunriachtanach i leith slabhraí luacha iomlána. Chun cuidiú leo le linn a n-aistrithe, cuirfear i láthair pleananna gníomhaíochta saincheaptha de réir an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan, ar bhonn idirphlé agus dul i gcomhairle a dhéanfar go dlúth leis na páirtithe leasmhara. Mar shampla. in Earrach 2025, molfar sa **Phlean Gníomhaíochta maidir le Cruach agus Miotail** bearta nithiúla chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais infheistíochta, ar an rochtain ar ábhair phríomhúla agus thánaisteacha agus ar úsáid ionstraimí cosanta trádála, agus saineofar ann réiteach fadtéarmach chun na bearta coimirce atá ann faoi láthair a ionadú i bhfianaise na rócháinníochta neamh-mhargaidh domhanda. Beidh an **Pacáiste maidir le Tionscal na gCeimiceán**, a chuirfear ar bun i ndeireadh 2025, ríthábhachtach chun iomaíochas an tionscail a áirithiú chomh maith le cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil, agus i leith soláthar ceimiceán ríthábhachtach ar a bharr sin..

**Tá soghluaisteacht agus neodracht na teicneolaíochta ríthábhachtach le haghaidh iomaíochais**. Tá an t-idirphlé straitéiseach leis an earnáil mótarfheithiclí seolta ag an

([12]) 'Úsáideadh 'ceantanna mar sheirbhís' den chéad uair faoi Ciste don Nuálaíocht an Aontais e haghaidh an Bhainc Hidrigin, sa chaoi gurbh fhéidir leis na Ballstáit tacú le tionscail cháilithe nár leor an cistiú ón Aontas a bhí siad a fháil.

gCoimisiún chun aghaidh a thabhairt go pras ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus chun straitéisí nithiúla agus réitigh nithiúla a chur ar fáil chun a áirithiú go mbeidh todhchaí dhaingean ag an tionscal ríthábhachtach sin san Eoraip. Leis an idirphlé sin tabharfar aghaidh ar dhúshláin a bhaineann leis an nuálaíocht agus leis an gceannaireacht i dteicneolaíochtaí a bheidh ann amach anseo, leis an aistriú glan agus leis an dícharbónú, le rochtain ar ionchuir atá iomaíoch ar an leibhéal domhanda agus ar shlándáil an tsoláthair, ar shaothar agus scileanna, ar an trádáil chóir dhomhanda agus an iomaíocht dhomhanda, ar shruthlíniú rialála agus cur chun feidhme rialála agus ar bhorradh a chur faoin éileamh, trí infheistiú sa bhonneagar athluchtúcháin agus glacadh feithiclí leictreacha a chur chun cinn. Leis na caighdeáin CO2, soláthraítear cinnteacht fhadtéarmach chun na hinfheistíochtaí riachtanacha a threorú. Mar chuid den idirphlé, sainaithneoimid réitigh láithreacha chun acmhainneacht infheistíochta an tionscail a chosaint, trí fhéachaint ar sholúbthachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann chun a chinntiú go leanfaidh ár dtionscal de bheith iomaíoch, gan uaillmhian fhoriomlán spriocanna 2025 a ísliú. Ar a bharr sin chun go mbainfear amach sprioc neodrachta aeráide 2035 teastóidh cur chuige neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, ina mbeidh ról le himirt ag breoslaí sintéiseacha trí leasú spriocdhírithe ar an rialachán mar chuid den athbhreithniú atá beartaithe. Beidh an t-idirphlé ina chuid den bhonn a bheidh ag **plean gníomhaíochta tionsclaíoch** an Aontais ina mbeidh tionscnaimh uaillmhianacha ó thaobh soláthair agus éilimh de, amhail togra maidir le flíteanna corparáideacha a ghlasú.

San am céanna, cuirfidh an Coimisiún chun tosaigh Plean Infheistíochta Iompair Inbhuanaithe ina mbeidh bearta breise chun an riosca a laghdú a bhaineann le hinfheistíocht a theastaíonn chun cur go pras leis an mbonneagar luchtúcháin agus le táirgeadh agus dáileadh breoslaí carbóin in-athnuaite ísealcharbóin. I straitéis nua cuirfear béim ar an ról a bheidh ag **calafoirt agus tionscal muirí** na hEorpa i ngeilleagar an Aontais amach anseo, agus déanfar iarrachtaí breise chomh maith ar idirnascthacht iarnród trasteorann a neartú, lena n-áirítear plean le haghaidh gréasán iarnród ardluais uaillmhianach.

**Ní mór don Eoraip dul i ngleic le sceitheadh carbóin a cuid tionscal.** Beidh cás na dtionscal atá dian ar fhuinneamh agus atá ina gcuid de Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) agus an gá atá le cásanna teacht timpeall agus iarmhairtí neamhbheartaithe ar shlabhraí luacha a íoslaghdú curtha san áireamh san athbhreithniú atá le déanamh ar an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha ([13]). Chun éifeachtacht an tSásra a neartú déanfar anailísiú leis an athbhreithniú sin ar an bhféidearthacht atá ann raon an tSásra a leathnú chun tuilleadh earnálacha agus táirgí iartheachtacha a chumhdach, agus ar bhearta féideartha chun aghaidh a thabhairt ar thionchair ar onnmhairiú táirgí ábhartha. Leis sin neartófar an sprioc 'sceitheadh carbóin' a chosc agus a áirithiú go n-imreofar tionchar níos mó ó thaobh praghsáil carbóin dhomhanda de, agus, dá bharr sin, go mbeidh cothrom iomaíochta idirnáisiúnta ann.

Chun **teicneolaíocht ghlan agus monaraíocht dhícharbónaithe** a chosaint agus a chur chun cinn san Aontas, déanfar, leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan agus na táirgí insoláthartha a thiocfaidh as, luamháin bheartais éagsúla, ó éascuithe ceadúcháin agus údarúcháin go dreasachtaí beartais thionsclaíoch, ó rialacha soláthair phoiblí athchóirithe go hionstraimí cosanta trádála, ó infheistíochtaí agus comhpháirtíochtaí

([13]) Tá an t-athbhreithniú sin neamhspleách ar na hullmhúcháin atá ar bun faoi láthair le gnéithe áirithe den sásra a shimpliú sa ghearrthéarma. Féach Roinn 2.1 thíos.

idirnáisiúnta Global Gateway spriocdhírithe go rochtain leathnaithe ar an margadh, a chur in úsáid ar bhealach comhordaithe. Beidh an idirghabháil bheartais bunaithe ar mheasúnú ar riachtanais agus ionchas an mhargaidh agus beidh sí dírithe ar theicneolaíochtaí atá ríthábhachtach i leith dícharbónú agus athléimneacht eacnamaíoch agus earnálacha atá ag teacht chun cinn, nó ar theicneolaíochtaí ar baol go dtiocfaidh brú ar an táirgeadh a bhaineann leo de bharr iomaitheoirí idirnáisiúnta a bainfidh buntáiste as míchothrom iomaíochta, fóirdheontais nó beartais tacaíochta as a n-eascróidh ró-acmhainneacht neamh-mhargaidh. Is san Eoraip a dhéantar cuid mhór de na teicneolaíochtaí atá tíosach ar fhuinneamh, rud a fhágann go bhfuil buntáiste iomaíochta ag geilleagar an Aontais. Chun aeráidneodracht a bhaint amach ní mór astaíochtaí diúltacha a bheith ann. Forbrófar dreasachtaí, e.g. i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí in 2026, chun cás gnó a thógáil ar son aistrithe carbóin buana chun astaíochtaí iarmharacha ó earnálacha a bhfuil sé deacair srian a chur leo a chúiteamh.

Ar deireadh, leagfar amach san **fhís le haghaidh talmhaíochta agus táirgeadh bia** conas a áirithiú go mbeidh iomaíochas fadtéarmach agus inbhuanaitheacht ann, gan teorainneacha an chomhshaoil a shárú, le haghaidh na n-earnálacha talmhaíochta agus bia sa chaoi go n-áiritheofar rath na limistéar tuaithe, an tslándáil bia agus an athléimneacht. Leis an gComhshocrú Eorpach um na hAigéin féadfaidh an Eoraip úsáid a bhaint as a limistéar muirí ollmhór agus a cósta ollmhór chun borradh a chur faoin nuálaíocht trí bhíthin teicneolaíochtaí gorma, táirgeadh fuinnimh glan agus slándáil bia.

*Úsáid a baint as poitéinseal an gheilleagair chiorclaigh*

**Cuireann an éifeachtúlacht acmhainní agus an borradh faoi úsáid chiorclach ábhar le dícharbónú, iomaíocht agus slándáil eacnamaíoch**. De réir an réamh-mheasa, méadóidh poitéinseal ciorclach an mhargaidh athmhonaraíochta ón luach EUR 31 billiún atá air faoi láthair go EUR 100 billiún faoi 2030 sa chaoi go gcruthófar 500 000 post nua([14]) . Ní mór don Eoraip díriú ar mhargadh aonair le haghaidh dramhaíola, ábhair thánaisteacha agus ábhair in-athúsáidte a chruthú chun an éifeachtúlacht a mhéadú agus an athchúrsáil a leathnú. Le **Gníomh um an nGeilleagar Ciorclach** cuirfear borradh faoi infheistíocht in acmhainneacht athchúrsála agus spreagfar tionsclaíocht an Aontais le hábhair phríomhúla a ionadú agus loisceadh amhábhar úsáidte a laghdú agus an méid amhábhar úsáidte a chuirtear i láithreáin líonta talún a laghdú chomh maith. Lena linn sin cuirfear chun feidhme de réir a chéile na ceanglais éicidhearthóireachta maidir le grúpaí táirgí tábhachtacha.

**Gníomhaíochtaí suaitheanta Colún 2**

- An Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan agus Plean Gníomhaíochta um Praghsanna Fuinnimh Inacmhainne [R1 2025]
- An Gníomh um Dhlús a Chur leis an Dícharbónú Tionsclaíoch [R4 2025]
- An Plean Gníomhaíochta um Leictriúchán agus an Pacáiste maidir le hEangacha Eorpacha [R1 2026]
- An Creat Státchabhrach nua [R2 2025]

([14]) An Banc Domhanda 2022

- An Plean Gníomhaíochta maidir le Cruach agus Miotail [2025]
- An Pacáiste maidir le Tionscal na gCeimiceán [R4 2025]
- An tIdirphlé Straitéiseach ar Thodhchaí Thionscal Gluaisteán na hEorpa agus an Plean Gníomhaíochta Tionsclaíoch [R1 2025].
- An Plean Infheistíochta Iompair Inbhuanaithe [R3 2025]
- An Straitéis Eorpach um Chalafoirt agus an Straitéis Mhuirí Thionsclaíoch [2025]
- An Plean maidir le hIarnród Ardluais [2025]
- An tAthbhreithniú ar an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha [2025]
- An Gníomh um an nGeilleagar Ciorclach [R4 2026]
- An Fhís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia [R1 2025]
- An Comhshocrú um na hAigéin [R2 2025]
- An Leasú ar an Dlí Aeráide [2025]

## 1.3. Spleáchais iomarcacha a laghdú agus slándáil a mhéadú

**Tacaíonn na naisc dhomhanda atá cruthaithe ag an Aontas ar fud an domhain leis an bhfás eacnamaíoch agus an tslándáil araon.** Tá an tAontas an-oscailte don trádáil lena gcruthaítear idirnaisc dhoimhne, lena dtacaítear le slabhraí soláthair éagsúla agus le comhghuaillíochtaí dochta le príomh-chomhpháirtithe. Beidh an trádáil ríthábhachtach i leith fhás an Aontais amach anseo.

Ós rud é go bhfuil an córas eacnamaíoch domhanda scoilte ag an iomaíocht gheopholaitiúil agus ag teannas trádála, ní mór don Aontas gnéithe a bhaineann le slándáil agus neamhspleáchas straitéiseach oscailte a chomhtháthú ar bhealach níos dlúithe ina bheartais eacnamaíocha. Is réamhchoinníoll í an timpeallacht slándála le rath eacnamaíoch agus iomaíochas ghnólachtaí an Aontais. Ní dhéanfaidh cuideachtaí infheistíochtaí fadtéarmacha i réimsí ina bhfuil éiginnteacht faoin timpeallacht slándála nó faoi bhagairtí ar bhonneagar ríthábhachtach; réimsí a bhfuil eagla orthu go gcuirfear isteach ar a slabhraí soláthair agus go mbeidh siad tachta de thoradh teannais idirnáisiúnta iontu; nó a bhfuil baol iontu go gcuirfear deireadh lena n-infheistíochtaí mar gheall ar iomaíocht éagórach a eascraíonn as míchothrom iomaíochta domhanda. San am céanna, d’fhéadfadh an tslándáil agus an athléimneacht a bheith ina spreagadh don iomaíochas agus don nuálaíocht.

*Trádáil agus slándáil eacnamaíoch*

**Is príomhspreagadh do rathúnas na hEorpa í an trádáil le tríú tíortha**. Sa lá atá inniu ann, is sciar mór de OTI an Aontais cheana féin í an trádáil sheachtrach in earraí agus i seirbhísí. In 2023, b’fhiú os cionn EUR 1.5 trilliún an trádáil thrasatlantach idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe; is iad an tAontas agus na Stáit Aontaithe le chéile a dhéanann beagnach 30 % den trádáil dhomhanda. I dtaca leis an am atá le teacht, meastar gur lasmuigh de theorainneacha na hEorpa a dhéanfar 90 % den fhás eacnamaíoch domhanda.

Dá bhrí sin, tá ardleibhéal oscailteachta trádála ríthábhachtach, ní hamháin chun rathúnas na hEorpa a choinneáil ar bun, ach chun a hathléimneacht a fheabhsú chomh maith.

**Beidh cumas an Aontais spleáchais a éagsúlú agus a laghdú ag brath ar chomhpháirtíochtaí éifeachtacha.** Tá an líonra comhaontuithe trádála is mó agus is tapúla fás ar domhan ag an Aontas cheana, líonra a chumhdaíonn 76 thír a mbaineann beagnach leath de thrádáil an Aontais leo. Is sinne an comhpháirtí trádála is mó atá ag 72 thír a tháirgeann 38 % de OTI an domhain. Tá pacáistí infheistíochta Global Gateway á slógadh againn ar fud an domhain i bpríomhréimsí a nascann leasanna eacnamaíocha na hEorpa le leasanna eacnamaíocha a comhpháirtithe.

Le tabhairt i gcrích na caibidlíochta maidir leis an g**Comhaontú idir an tAontas agus Mercosur** agus le nuachóiriú an **Chomhaontaithe Dhomhanda idir an tAontas agus Meicsiceo**, tá sé léirithe conas is féidir an trádáil a théann chun tairbhe don dá thaobh a dhéanamh agus cothrom iomaíochta agus cómhalartacht a chruthú agus an tsláindáil eacnamaíoch a mhéadú san am céanna. Mar shampla, ag tosú ón mbonnlíne EUR 84 bhilliún in onnmhairí bliantúla an Aontais, mar gur cuireadh deireadh le taraifí arda Mercosur, féadfaidh onnmhaireoirí an Aontais breis agus 4 bhilliún euro i ndleachtanna custaim a shábháil in aghaidh na bliana ([15]) agus buntáiste an cheannródaí a sholáthar. Is deiseanna móra ar thrádáil a mhéadú iad an rochtain ar sholáthar poiblí, an rochtain fhabhrach eisiach ar roinnt amhábhar criticiúil agus earraí glasa, agus an chosaint ar níos mó ná 350 Tásc Geografach de chuid an Aontais le haghaidh táirgí bia traidisiúnta. San am céanna, tá coimircí ann le haghaidh earnálacha íogaire ([16]) . Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair i ndlúthchomhar le comhpháirtithe chun leanúint dá líonra ollmhór comhaontuithe trádála a leathnú, rochtain ar an margadh a chur ar fáil do chuideachtaí Eorpacha, cómhalartacht níos fearr a áirithiú, agus trádáil dhomhanda riailbhunaithe oscailte á rialú ag EDT nuachóirithe á cur chun cinn aige san am céanna.

Ní mór don Aontas leanúint dá thairiscint a oiriúnú agus de bhealaí nua a lorg chun comhpháirtíochtaí a dhoimhniú agus tairbhí a chruthú dár ngnólachtaí, ó **Chomhaontuithe Trádála Digití** (tá caibidlíocht ar bun leis an gCóiré agus tugtha chun críche le Singeapór faoi chomhaontaithe den sórt sin) agus **Comhaontuithe um Aitheantas Frithpháirteach** (atá i bhfeidhm agus á bhforbairt le roinnt comhpháirtithe lena n-áirítear an Astráil, Ceanada, an tSeapáin, an Nua-Shéalainn, an Eilvéis agus na Stáit Aontaithe, rud a laghdaíonn costais na nósanna imeachta comhréireachta) go **Comhaontuithe lena n-Éascaítear Infheistíocht Inbhuanaithe** (ar tugadh an chéad cheann díobh chun críche, agus a bhfuil roinnt eile díobh á bhforbairt). Chuige sin, tabharfaidh ár g**Comhpháirtíochtaí um Thrádáil agus Infheistíocht Ghlan** rialacha spriocdhírithe trádála agus infheistíochta, infheistíochtaí Global Gateway, agus comhar rialála le chéile in aon chomhpháirtíocht uile-rialtais amháin. Cuirfidh siad deiseanna ar fáil ar sholáthar amhábhar, fuinneamh glan, breoslaí iompair inbhuanaithe agus teicneolaíocht ghlan a áirithiú ó gach cearn den domhan, agus san am céanna cuirfear le hinfheistíochtaí inbhuanaithe Eorpacha, rud a rachaidh chun tairbhe do thíortha comhpháirtíochta agus a chuideoidh na spriocanna domhanda fuinnimh a bhaint amach atá á gcur chun cinn ag an

([15]) Tá an mheándleacht allmhairiúcháin in Mercosur (13.5 %) níos airde ná mar atá i gcuid mhór réigiúin eile. Os a choinne sin, is é 1.8 % an mheántaraif a chuireann an tAontas i bhfeidhm ar na hearraí allmhairithe uile. Dá bhrí sin, is mór is fiú na gnóthachain a fuair an tAontas ó léirscaoileadh taraifí le Mercosur.

([16]) Cuireann sásraí cosanta breise, amhail clásail choimirce, ar a chumas don Aontas freagairt má fhaightear amach go ndéanann allmhairí Mercosur, amhail mairteoil laistigh de tharaif-chuóta, dochar suntasach do mhargaí an Aontais. Sa bhreis ar chlásail choimirce, slógfaidh an Coimisiún tacaíocht bhreise trí chúlchiste EUR 1 bhilliún ar a laghad a chur ar bun má bhíonn suaitheadh sa mhargadh tar éis chur chun feidhme an chomhaontaithe, rud nach dócha.

Uachtarán von der Leyen. Faoin g**Comhshocrú nua don Mheánmhuir**, spreagfaidh tionscnamh uaillmhianach Comhair Tras-Mheánmhuirí Fuinnimh agus Teicneolaíochta Glaine infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha ar mórscála san fhuinneamh in-athnuaite.

**San am céanna, is féidir go gcruthóidh caidreamh trádála an Aontais rioscaí i gcásanna áirithe.** I dtimpeallacht atá ag éirí níos corraí, is féidir go saothrófar spleáchais nó fiú go n-úsáidfear iad mar arm. Is féidir go bhféachfaidh tríú tíortha áirithe d'aon ghnó le ró-acmhainneachtaí agus spleáchais straitéiseacha a chruthú ina mbeartais thionsclaíocha. Dá bhrí sin tá gá le tuiscint ar na rioscaí agus le gníomhú ina leith dá réir sin ar bhealach spriocdhírithe comhréireach.

**Nuair a bhíonn an margadh Eorpach ag brath ar aon soláthróir amháin earraí, seirbhísí nó ionchur príomha eile amháin nó ar dhornán díobh, bíonn beartais agus infheistíochtaí de dhíth ar an Aontas chun a shlándáil eacnamaíoch a áirithiú**, beartais a íoslaghdóidh an dóchúlacht go n-úsáidfear spleáchais nó comhéigean eacnamaíoch mar arm. Tá sé leagtha amach i dtuarascáil Draghi conas is gá don Eoraip athléimneacht a slabhraí soláthair a áirithiú, go háirithe i gcás amhábhair chriticiúla, nó allmhairí ardteicneolaíochtaí glana nó digiteacha fíor-riachtanacha, amhail leathsheoltóirí. Samplaí eile iad na spleáchais soláthair atá ann faoi láthair i gcás comhábhair ghníomhacha le haghaidh cógais leighis chriticiúla a bhfuil gá leo le haghaidh na sláinte poiblí i gcoitinne agus othair ar leith go háirithe, agus i gcás leasachán, atá ina mbonn taca ag an tslándáil bia.

Ní mór don Eoraip leanúint de bheartais a shaothrú chun a spleáchais ar sholáthróirí aonair nó ar sholáthróirí an-chomhchruinnithe thar phríomhearnálacha straitéiseacha a laghdú le hathchúrsáil, nuálaíocht agus taighde, tacaíocht airgeadais spriocdhírithe chun acmhainneachtaí próiseála nó monaraíochta intíre a bhunú nó a chur chun cinn agus cruthú cúltacaí agus stoc-charn, chomh maith leis na comhpháirtíochtaí déthaobhacha agus iltaobhacha le haghaidh an éagsúlaithe thuasluaite. Ina theannta sin, i gcomhthéacs dhúmhál fuinnimh na Rúise a bhaineann lena cogadh foghach, tíolacfaidh an Coimisiún Treochlár maidir le bearta dleathacha chun deireadh a chur le hallmhairí fuinnimh na Rúise.

Mar chuid dá Straitéis Slándála Eacnamaíche([17]) , shainigh an tAontas ceithre réimse riosca agus deich dteicneolaíocht ríthábhachtacha. Agus grinnmheasúnuithe riosca leanúnacha ina mbonn ag an obair, glacfar bearta maolúcháin comhréireacha agus spriocdhírithe chun cosaint, cur chun cinn agus comhpháirtíochtaí a dhéanamh chun rioscaí sainaitheanta a fhreagairt agus chun an athléimneacht a mhéadú. Ar na bearta sin tá bearta amhail scagadh a dhéanamh ar infheistíocht dhíreach choigríche, rialuithe onnmhairiúcháin agus faireachán ar infheistíocht amach. Forbróidh an Coimisiún caighdeáin slándála eacnamaíche le haghaidh príomhshlabhraí soláthair lenár gcomhpháirtithe G7 agus leis na comhpháirtithe eile againn atá ar aon intinn linn.

*Iomaíocht éagórach agus cothrom iomaíochta a bhaint amach*

I gcás ina gcuirfidh iomaíocht éagórach ár Margadh Aonair i mbaol, ba cheart dúinn, chomh maith leis sin, úsáid a bhaint as na huirlisí cosanta atá ar fáil dúinn, amhail na hionstraimí cosanta trádála, agus an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha a fhorfheidhmiú go dian. Beidh cumasc iomchuí na ngnéithe sin éagsúil de réir na hearnála. Leanfaidh an tAontas freisin de bheith ag éileamh leabhar rialacha nuachóirithe EDT.

([17]) Teachtaireacht chomhpháirteach maidir leis an Straitéis Eorpach um Shlándáil Eacnamaíoch, JOIN (2023) 20

Le comhordú níos déine idir na Ballstát agus cineálacha comhiomlánaithe éilimh nó ceannaigh chomhpháirtigh ar leibhéal an Aontais, is féidir giaráil i leith soláthróirí eachtracha a mhéadú. Mar shampla, tá sé ríthábhachtach i leith iomaíochas an Aontais soláthar iontaofa, éagsúlaithe amhábhar a áirithiú, toisc gur ionchuir ríthábhachtacha iad i leith earnálacha an fhuinnimh agus na tionsclaíochta. Ní mór beartas a shaothrú lena gcomhcheanglófar cur chun cinn an táirgthe intíre, an stoc-charntha agus an éagsúlaithe agus cur chun feidhme an Ghnímh um Amhábhair Chriticiúla a bheith ina bhonn aige. De bharr na taithí a fuarthas le déanaí le AggregateEU, cruthóidh an Coimisiún ardán chun amhábhair chriticiúla a cheannach go comhpháirteach chun riachtanais thionscail an Aontais a shainaithint, chun éileamh a chomhiomlánú, agus chun ceannacháin chomhpháirteacha a chomhordú. Mar an gcéanna, beidh sé d’aidhm ag an n**Gníomh um Chógais Leighis Chriticiúla** soláthar cógas leighis criticiúil agus a gcomhábhair a neartú, aghaidh a thabhairt ar an gcliseadh margaidh agus spleáchas a laghdú.

**Ní mór don Aontas aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le hiomaíocht éagórach agus le ró-acmhainneachtaí aschuir domhanda.** Is minic gur ró-infheistíochtaí agus fóirdheontais chórasacha arna spreagadh ag an stát atá dírithe ar shlabhraí soláthair in earnálacha tionsclaíocha ríthábhachtacha agus straitéiseacha is cúis leis na fadhbanna sin.. Eascraíonn straitéisí ionsaitheacha onnmhairiúcháin margaidh as ró-acmhainneachtaí struchtúracha neamh-mhargaidh, rud a mhéadaíonn an brú ar tháirgeoirí Eorpacha atá i margadh ina bhfuil cothrom iomaíochta cheana. Is féidir gurb amhlaidh, de bharr chailliúint na n-acmhainneachtaí táirgthe agus an tsaineolais atá bunaithe san Eoraip in earnálacha ríthábhachtacha, a bheidh an tAontas spleách ar bhealach contúirteach ar allmhairí i bpríomhchodanna den gheilleagar.

**Tá ról lárnach le himirt ag an earnáil phoiblí.** I gcomhthéacs ina bhforchuireann mórghníomhaithe eile srianta rochtana ar a margaí agus ina bhféachann siad le borradh a chur faoin acmhainneacht mhonaraíochta i dteicneolaíochtaí criticiúla, ní mór don Eoraip a hacmhainneachtaí féin a choimirciú. Molfaidh an Coimisiún **tosaíocht Eorpach a thabhairt isteach sa soláthar poiblí** le haghaidh earnálacha agus teicneolaíochtaí straitéiseacha. Tagann tuairim agus 14 % de OTI an Aontais as an soláthar poiblí([18]) . Is é is aidhm don athbhreithniú ar an Treoir maidir le Soláthar Poiblí slándáil theicneolaíoch agus slabhraí soláthair intíre a threisiú, chomh maith le rialacha a shimpliú agus a nuachóiriú, go háirithe le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta agus do chuideachtaí nuálacha.

*An tionscal cosanta, an tslándáil agus an ullmhacht*

**Tá tionscal cosanta an Aontais ina spreagadh tábhachtach iomaíochais, ach tá easpa scála ag baint leis agus ní leor a phoitéinseal.** Cé go bhfuil gnólachtaí an Aontais in earnáil na cosanta iomaíoch ar an leibhéal domhanda, tá meascán de laigí struchtúracha agus blianta tearcinfheistíochta ina mhíbhuntáiste acu. Tá an earnáil ilroinnte agus is gníomhaithe náisiúnta den chuid is mó a bhíonn gníomhach inti, gníomhaithe a bhfuil cuid mhór acu ag feidhmiú i margaí baile réasúnta beag, rud a laghdaíonn an acmhainneacht soláthair. Tá infheistíocht in T&F cosanta i bhfad níos ísle ná mar atá sna Stáit Aontaithe. Dá thoradh sin, is mór spleáchas an Aontais ar sholáthraithe neamh-AE. Tá riosca ábhartha ann go dtitfidh an tAontas chun deiridh sa nuálaíocht i réimse na cosanta agus i bhforbairt ardchóras nua arm agus bheadh iarmhairtí diúltacha aige sin ar theicneolaíochtaí dé-úsáide. Ní mór tionscal cosanta na hEorpa a bheith in ann speictream iomlán na gcumas a bhaint amach agus a bheith ina spreagadh nuálaíochta don gheilleagar ina iomláine.

([18]) An Coimisiún Eorpach (2025), An Tuarascáil Bhliantúil ar an Margadh Aonair agus ar Iomaíochas

**Ní mór dúinn feabhas a chur ar iarrachtaí na mBallstát tuilleadh a infheistiú, ar bhealach níos fearr, le chéile agus san Eoraip, agus cuidiú leo an méid sin a dhéanamh** ([19]). Tá comhordú níos doimhne ríthábhachtach chun na cumais agus an bonneagar cosanta uile is gá (lena n-áirítear dé-úsáid) san Eoraip a mhaoiniú, a fhorbairt, a tháirgeadh agus a chothú. Ní mór don Eoraip leibhéal an chomhair cosanta idir na Ballstáit a mhéadú go mór, tríd an éileamh a chomhiomlánú trí leas níos mó a bhaint as soláthar cosanta comhpháirteach, trí bhorradh tapa tionsclaíoch a chur chun cinn chomh maith le hobair i gcomhar ar T&F comhpháirteach a bheidh dírithe ar chomhthionscnaimh Eorpacha, trí acmhainní a chomhthiomsú le Tionscadail Eorpacha Leasa Choitinn um an gCosaint, trí acmhainneacht thionsclaíoch an Aontais a chomhtháthú agus trí Mhargadh Aonair le haghaidh na cosanta a bhunú agus trí rochtain FBManna ar mhaoiniú a fheabhsú chun an scála a mhéadú, neamhéifeachtúlachtaí a laghdú agus idir-inoibritheacht a chur chun cinn. Cuirfidh an Coimisiún agus an tArdionadaí **Páipéar Bán maidir le Todhchaí Chosaint na hEorpa** i láthair ina leagfar amach na gníomhaíochtaí is gá chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

**Tá breisluach na hullmhachta foghlamtha ón taithí a fuarthas san Eoraip. Tá gá le gníomhaíocht nithiúil anois**. Ní mór don Aontas agus do na Ballstáit cur chuige uile-rialtais agus uile-shochaí a ghlacadh chun an geilleagar agus na saoránaigh a chosaint, lena n-áirítear comhar cuimsitheach príobháideach poiblí agus prionsabal nua go mbeidh ullmhacht trí bhíthin dearadh ann. Mar shampla, i gcásanna ina mbeidh acmhainneachtaí tionsclaíocha agus táirgeachta teoranta, is féidir soláthar a chomhordú nó earraí a bheidh ábhartha i gcás géarchéime a stoc-charnadh go comhpháirteach ar leibhéal an Aontais. Ar bhonn thuarascáil Niinistö, tíolacfaidh an Coimisiún agus an tArdionadaí Straitéis um Aontas na hUllmhachta ina leagfar amach cur chuige coiteann i leith bagairtí atá ann cheana agus bagairtí a d’fhéadfadh teacht chun cinn.

**Tá gá le hailíniú níos dlúithe idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach chun dul i ngleic leis na bagairtí croschineálacha atá ag dul i méid.** Tá méadú ag teacht ar luas na gcibearbhagairtí agus na gcibear-ionsaithe de bharr na haoise digití. Tá earnálacha eacnamaíocha agus seirbhísí riachtanacha([20]) spleách ina n-iomláine ar athléimneacht ár mbonneagar digiteach, iompair agus spáis, ár n-eangacha fuinnimh agus ár gcrua-earraí teicneolaíochta. Léiríodh le déanaí gur sampla suntasach iad na cáblaí faoin bhfarraige de réimse ina bhfuil rioscaí slándála ag dul i méid. Ní mór don Eoraip rioscaí ar shlándáil an bhonneagair ríthábhachtaigh, idir dhigiteach agus fisiceach, a chur san áireamh ag gach céim — ó roghanna tógála agus teicneolaíochta go hoibríochtaí agus cumais téarnaimh. Leagfar amach i Straitéis Slándála Inmheánaí freagairt chuimsitheach ón Aontas chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí slándála, bíodh sin ar líne nó as líne, agus chun a áirithiú go ndéanfar an tslándáil a chomhtháthú i reachtaíocht agus i mbeartais an Aontais trí bhíthin dearadh.

**Tá an t-athrú ar an aeráid agus teagmhais adhaimsire ag méadú na bagartha ar shlándáil eacnamaíoch na hEorpa.** Dá bhrí sin, ní mór don Aontas agus do na Ballstáit feabhas a chur ar a n-athléimneacht agus chur lena n-ullmhacht, measúnuithe riosca aeráide a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta agus athléimneacht bonneagar ríthábhachtach a fheabhsú trí bhíthin dearadh. Ar na roghanna atá le fáil chun geilleagar agus sochaí an Aontais a chosaint ar na tubaistí nádúrtha is measa amhail tuilte, triomaigh, falscaithe agus

([19]) Teachtaireacht Chomhpháirteach *A new European Defence Industrial Strategy* [Straitéis nua Thionsclaíoch um an gCosaint Eorpach]: Ullmhacht an Aontais a bhaint amach le Tionscal Cosanta Eorpach freagrúil athléimneach, JOIN (2024) 10 final.

([20]) Cf. an plean gníomhaíochta Eorpach a eisíodh le déanaí maidir le cibearshlándáil ospidéal agus soláthraithe cúraim sláinte, COM(2025) 10 final

stoirmeacha a chuireann isteach ar shlabhraí soláthair agus ar láithreáin táirgthe, tá athléimneacht aeráide a chomhtháthú sa phleanáil uirbeach, réitigh dhúlra-bhunaithe a chur in úsáid, creidmheasanna dúlra agus oiriúnú sa talmhaíocht a fhorbairt agus slándáil bia a chaomhnú san am céanna. Cuirfear **Plean Eorpach um Oiriúnú don Athrú Aeráide** i láthair chun na críche sin**.**

Ar leibhéal níos ginearálta, ní mór do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar an nganntanas uisce atá ag dul i méid agus sin a dhéanamh trí chleachtais agus bonneagair bhainistithe uisce a fheabhsú, éifeachtúlacht uisce a mhéadú agus úsáid inbhuanaithe uisce a chur chun cinn. Ar leibhéal an Aontais, tíolacfaidh an Coimisiún **Straitéis Eorpach maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce**.

**Gníomhaíochtaí suaitheanta Colún 3**

- Comhaontuithe trádála uaillmhianacha, Comhpháirtíochtaí Trádála Glaine agus Infheistíochta a thabhairt i gcrích agus a chur chun feidhme
- An tionscnamh Comhair Tras-Mheánmhuirí Fuinnimh agus Teicneolaíochta Glaine [R4 2025]
- An tArdán ceannaigh chomhpháirtigh le haghaidh Amh-Mhianraí Criticiúla [R2-3 2025]
- Athbhreithniú ar threoracha maidir le Soláthar Poiblí [2026]
- An Páipéar Bán maidir le Todhchaí Chosaint na hEorpa [R1 2025]
- An Straitéis um Aontas na hUllmhachta [R1 2025]
- An Straitéis Slándála Inmheánaí [R1 2025]
- An Gníomh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla [R1 2025]
- An Plean Eorpach um Oiriúnú don Athrú Aeráide [2026]
- Straitéis maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce [R2 2025]

## 2. Cumasóirí iomaíochais cothrománacha

### 2.1. Níos simplí, níos éadroime, níos tapúla: a áirithiú go mbeidh rialáil an Aontais oiriúnach don iomaíochas

**Tá an t-ualach rialála éirithe ina chosc ar iomaíochas na hEorpa.** Cé go bhfuil beartas forásach ag an Aontas maidir le rialáil níos fearr, i gcás dhá chuideachta as a trí is é an t-ualach sin an phríomhchonstaic roimh an infheistíocht fhadtéarmach([21]). Is iomaí cuideachta a thugann le fios go bhfágann castacht, éagsúlacht agus fad na nósanna imeachta ceadúcháin agus riaracháin nach bhfuil an Eoraip chomh tarraingteach le réigiún eile ó thaobh infheistíochta de. Chun iomaíochas na hEorpa a chur ar bun arís, ní mór dul i bhfad níos faide ná mar a rinneadh roimhe chun an maorlathas a laghdú. Ní mór an rialáil

([21]) BEI, Suirbhé Infheistíochta BEI 2023

a bheith comhréireach, cobhsaí, comhleanúnach agus neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de.

Ní mór do gach institiúid de chuid an Aontais, do gach institiúid náisiúnta agus do gach institiúid áitiúil iarracht mhór a dhéanamh rialacha níos simplí a leagan síos agus cur le luas na nósanna imeachta riaracháin. Ní mór é a dhéanamh níos tapúla agus níos saoire do chuideachtaí agus do shaoránaigh cistí a rochtain nó cinntí riaracháin a fháil. Mar shampla, leathnóidh an **Gníomh um Dhlús a Chur leis an Dícharbónú Tionsclaíoch** atá beartaithe an ceadú luasghéaraithe chun níos mó earnálacha (e.g. earnálacha dianfhuinnimh) atá ag aistriú a chumhdach agus an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta agus um cheadú fuinnimh in-athnuaite agus ina bhonn leis sin. Déanfar na nósanna imeachta maidir le IPCEInna agus leis na Tionscadail Leasa Choitinn a bhaineann leis an mbonneagar fuinnimh níos simplí agus níos tapúla. Deis a bheidh sa togra maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) ar an rochtain ar ionstraimí cistiúcháin an Aontais — ionstraimí atá ilroinnte faoi láthair ar an iomarca clár — a chuíchóiriú agus a shimpliú a thuilleadh tríd síos.

**Is leis an gCoimisiún a thosófar ar an athrú sin**. Tá an chéad Choimisinéir um Chur Chun Feidhme agus Simpliú riamh ag comhordú obair an Choimisiúin sa réimse sin agus ag stiúradh an scagtha ar *acquis* an Aontais chun bealaí a shainaithint chun reachtaíocht a shimpliú, a chomhdhlúthú agus a chódú de réir mar is gá. Reáchtálfaidh gach Coimisinéir idirphlé cur chun feidhme go tráthrialta le páirtithe leasmhara, dhá uair sa bhliain, chun saincheisteanna cur chun feidhme a dhéanamh amach, chun éisteacht le hábhair imní ghnó agus chun deiseanna a shainaithint ar shimpliú agus ar laghdú ualaigh. Le seiceálacha réaltachta a dhéanfaidh seirbhísí an Choimisiúin le páirtithe leasmhara cuirfear a thuilleadh leis an tástáil struis ar rialáil an Aontais. Ní mór an simpliú a bhunú ar thuiscint ar oibriú praiticiúil na slabhraí luacha agus córas rialála atá bunaithe ar mhuinín agus ar dhreasachtaí seachas ar rialú mionsonraithe a chur san áireamh ann. Cuirfidh an Coimisiún a chur chuige foriomlán chun tosaigh an mhí seo chugainn.

**Cuirfidh an Coimisiún seo iarracht ar shimpliú nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo i gcrích**. Beidh sé d'aidhm leis an iarracht sin na cuspóirí beartais a comhaontaíodh a bhaint amach ar an mbealach is simplí, is spriocdhírithe, is éifeachtaí agus is lú ualach is féidir. Chun iarrachtaí leanúnacha intomhaiste a áirithiú sna blianta amach romhainn, tá spriocanna uaillmhianacha leagtha síos ag an gCoimisiún i leith an t-ualach tuairisciúcháin a laghdú: 25 % ar a laghad i gcás gach cuideachta agus 35 % ar a laghad i gcás FBManna. Is fo-thacar de na hualaí riaracháin uile iad na hualaí tuairisciúcháin. Chun ár n-uaillmhian a mhéadú a thuilleadh, ba cheart tagairt a dhéanamh sna spriocanna laghdaithe ualaigh 25 % agus 35 % amach anseo do chostais na n-ualaí riaracháin uile, agus ní hamháin do cheanglais tuairisciúcháin. Dá thoradh sin tá sprioc ann tuairim agus EUR 37.5 billiún de chostais athfhillteacha a laghdú go dtí deireadh na tréimhse sainordaithe ([22]). Beidh sé d'aidhm ag bearta tiomnaithe do FBManna an sprioc 35 % a bhaint amach.

Tosóidh sin an mhí seo chugainn leis **an gcéad cheann de shraith pacáistí simpliúcháin Omnibus**. Cumhdófar leis an gcéad Omnibus, le cois nithe eile, simpliú forleathan i réimsí an tuairiscithe airgeadais inbhuanaithe, an díchill chuí inbhuanaitheachta agus na tacsanomaíochta. I gcomhréir le cuspóirí an chreata airgeadais inbhuanaithe chun infheistíocht a shlógadh san aistriú glan, áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar na ceanglais

([22]) Agus úsáid á baint aige as sonraí atá ar fáil ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, agus an meastachán ar an ualach riaracháin arna dhéanamh ag grúpa ardleibhéil Stoiber á chur san áireamh aige, rinne EUROSTAT meastachán go bhfuil suas le EUR 150 billiún san Aontas i gceist le bonnlíne na gcostas riaracháin athfhillteach (bliantúil) foriomlán.

a ailíniú níos fearr le riachtanais infheisteoirí, amlínte comhréireacha, méadrachtaí airgeadais nach ndíspreagann infheistíochtaí i gcuideachtaí beaga atá i mbun aistriú, agus oibleagáidí atá comhréireach le scála gníomhaíochtaí cuideachtaí éagsúla. Tabharfaidh sé aghaidh go háirithe ar éifeacht an tsíothlaithe chun nach mbeidh cuideachtaí beaga feadh na slabhraí soláthair faoi réir iarrataí tuairisciúcháin iomarcacha sa chleachtas nach raibh beartaithe riamh ag na reachtóirí.

Chun rialáil chomhréireach a bheidh curtha in oiriúint do mhéid na gcuideachtaí a áirithiú, molfar **sainmhíniú nua ar cuideachtaí meánchaipitlithe beaga** go luath. Trí chatagóir nua cuideachtaí den sórt sin a chruthú, catagóir cuideachtaí atá níos mó ná FBManna ach atá níos lú ná cuideachtaí móra, beidh simpliú rialála saincheaptha ar aon meon le rialáil FBManna ar fáil do na mílte cuideachtaí san Aontas. Tá **simpliú ar an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha** á ullmhú ag an gCoimisiún chomh maith do ghníomhaithe margaidh beaga.

Le linn na bliana agus ar feadh na tréimhse sainordaithe, leanfaidh an Coimisiún de bhearta simpliúcháin a thíolacadh, ar bhonn an idirphlé le páirtithe leasmhara. Cumhdóidh an t-athbhreithniú ar an Rialachán REACH an a*acquis* atá ann cheana agus tionscnaimh nua maidir le ceimiceáin, rud a fhágfaidh go ndéanfar fíorshimpliú ar an talamh agus go n-áiritheofar cinnteoireacht níos tapúla maidir le guaiseacha tábhachtacha, chomh maith le hinbhuanaitheacht, iomaíochas, slándáil agus sábháilteacht. Tar éis an athchóirithe atá beartaithe ar chreat cógaisíochta an Aontais chun dlús a chur le húdaruithe agus chun próisis rialála a chuíchóiriú, tá bearta cur chun feidhme gearrthéarmacha á n-ullmhú ag an gCoimisiún chun an t-ualach a laghdú agus chun simpliú a dhéanamh i réimse na bh**feistí leighis**. Ina theannta sin, cuirfear pacáiste substainteach simpliúcháin i mbliana chun laghdú nithiúil a dhéanamh ar an ualach ar an bhfeirm agus chun faoiseamh a thabhairt d'fheirmeoirí.

Beidh **seiceáil nua FBM agus iomaíochais** i measúnuithe tionchair ina scagaire níos láidre le haghaidh tionscnaimh nua; déanfar measúnú sa tseiceáil freisin ar na héifeachtaí a bhfuiltear ag súil leo ar dhifreálacha costais i gcomparáid le hiomaitheoirí idirnáisiúnta. Tabharfar aird níos mó ar mheasúnú a dhéanamh ar chostais na ngníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme atá beartaithe, nuair is ábhartha.

**Déanfar an digitiú in aon am amháin leis an simpliú chun an t-ualach tuairisciúcháin a laghdú**. Ní mór cuideachtaí agus údaráis phoiblí a thionlacan ar bhealach níos fearr a mhéid a bhaineann le reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme le tacaíocht mhéadaithe, fothú acmhainneachta agus cúnamh teicniúil. Ní mór úsáid uirlisí digiteacha agus intleachta saorga chun cur le hiarrachtaí ar shimpliú ar leibhéal an rialtais a éascú, agus idir-inoibritheacht trasteorann iomlán a choinneáil ar bun idir réitigh na gcomhlachtaí san earnáil phoiblí amhail ríomhshonrascadh, ríomhshíniú, ríomhaighneachtaí agus an pas táirge digiteach. Nuair is féidir, ní mór an tuairisciú a aistriú chuig formáidí digiteacha atá bunaithe ar shonraí caighdeánaithe. Agus creat e-IDAS an Aontais ina bhonn aici, beidh an **Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa** ina bunchloch i leith gnó a dhéanamh go simplí agus go digiteach san Aontas, rud a chuirfidh timpeallacht gan uaim ar fáil do chuideachtaí inar féidir leo idirghníomhú leis na riaracháin phoiblí uile.

Chun cothrom iomaíochta a áirithiú ar fud an Mhargaidh Aonair, chomh maith le hilroinnt agus rórialáil a chomhrac, saothróidh an Coimisiún cur chuige láidir maidir le **comhchuibhiú iomlán agus forfheidhmiú iomlán**. Chomh maith leis an obair chun coimeád taifead a shimpliú faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, leanfaidh an Coimisiún den obair ar é a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar bhealach níos comhchuibhithe.

**Ní mór d'institiúidí uile an Aontais oibriú le chéile chun 'raicín rialála' a sheachaint**. Ní mór do na hinstitiúidí uile an obair a bhaineann leis an ngealltanas go ndéanfar rialáil níos fearr a chomhroinnt le linn an phróisis reachtaigh, i gcomhréir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta. Agus é ag oibriú le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle, áiritheofar le comhaontú idirinstitiúideach athbhreithnithe go mbeidh an obair a bhaineann leis an ngealltanas simpliúcháin agus leis an díriú ar chur chun feidhme ar bun ó thús deireadh an phróisis reachtaigh.

## 2.2. An leas is fearr a bhaint as Margadh Aonair na hEorpa

**Tá an Margadh Aonair ríthábhachtach chun margadh de mhéid ilchríochach a bhaint amach i measc ollchumhachtaí**. Le 30 bliain anuas, is é an Margadh Aonair spreagadh seanbhunaithe iomaíochais na hEorpa([23]). Sa lá atá inniu ann, is é an margadh baile é do 23 mhilliún cuideachta, a chuireann earraí agus seirbhísí ar fáil do bheagnach 450 milliún Eorpach. Tairbhíonn cuideachtaí de shaorghluaiseacht agus de dhálaí intuartha gnó a bhfuil ráthaíochtaí maidir le hurraim don smacht reachta mar bhonn taca leo. Baineann tomhaltóirí tairbhe as roghanna leathana agus ardchosaint. Mar sin féin, níl an Margadh Aonair iomlán bainte amach go fóill, ná baol air. D'ainneoin na n-iarrachtaí a rinneadh arís agus arís eile chun deireadh a chur le bacainní ar shaorshreabhadh earraí, seirbhísí, caipitil agus daoine, tá bacainní áirithe ann fós, agus bíonn bacainní nua agus foinsí nua ilroinnte ag teacht chun cinn i gcónaí.

I d**Tuarascáil Bhliantúil 2025 maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas léirítear costais na neamhghníomhaíochta: le blianta beaga anuas, tá dlús caillte ag comhtháthú an mhargaidh.** Go deimhin, tháinig laghdú ar an sciar de OTI an Aontais a léirítear le trádáil idir na Ballstáit i gcás earraí (23.8 %) agus seirbhísí (7.6 %) araon in 2023([24]). Laistigh den Mhargadh Aonair, is lú an trádáil i seirbhísí trasteorann ná aon trian den trádáil in earraí agus, murab ionann agus earraí, ní airde í ná an trádáil i seirbhísí le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad. I dTuarascáil Letta leagtar amach bacainní leanúnacha agus cuirtear i dtábhacht na tairbhí a thiocfadh as dlús a chur le comhtháthú sa chumarsáid leictreonach, san fhuinneamh agus sna margaí airgeadais agus as Margadh Aonair le haghaidh na cosanta a thógáil.

**Ach deireadh a chur leis na bacainní atá ann i gcónaí agus an Margadh Aonair a leathnú, cuideofar le gach gné den iomaíochas**, trí mhargaí níos mó a chur ar fáil, praghsanna fuinnimh a ísliú agus rochtain a fheabhsú([25]). Chun feabhas a chur ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair ar fud na dtionscal uile, le Straitéis Chothrománach maidir leis an Margadh Aonair, déanfar an creat rialachais a nuachóiriú, cuirfear deireadh le bacainní laistigh den Aontas agus cuirfear cosc ar chruthú bacainní nua, cothófar comhar leis na Ballstáit, agus molfar cur chuige nua maidir le cur chun feidhme. Le Tascfhórsa treisithe um Fhorfheidhmiú an Mhargaidh Aonair (SMET), cinnteofar trasuí lena seachnófar ualaí nach bhfuil gá leo, chomh maith le cur chun feidhme agus forfheidhmiú foriomlán

([23]) Mario Monti, *A new strategy for the single market at the service of Europe's economy and society*, Tuarascáil chuig Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, an 9 Bealtaine 2010

([24]) An Coimisiún Eorpach (2025), An Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas

([25]) Measann CAI gur féidir coibhéis *ad-valorem* na mbacainní atá fágtha a chuireann srian ar an trádáil laistigh den Aontas a chur i gcomparáid le cáin thart ar 45 faoin gcéad don earnáil déantúsaíochta, agus 110 faoin gcéad don earnáil seirbhísí. 'D'fhéadfadh an tionchar díreach a bheadh ag laghdú na mbacainní earnála laistigh den Aontas a mheastar a bheith ann go dtí an leibhéal atá ann i measc stáit na Stát Aontaithe an táirgiúlacht a mhéadú 6.7 faoin gcéad.' CAI, *Europe's Declining Productivity Growth: Diagnoses and Remedies - Regional Economic Outlook*, Samhain 2024

reachtaíocht an Aontais. Seolfar tuilleadh beart comhchuibhithe chun an ilroinnt dhlíthiúil atá fós ann a laghdú, ar mhaithe leis an Margadh Aonair a dhoimhniú agus le simpliú. Trí thíortha is iarrthóirí a chomhtháthú go luath agus de réir a chéile i gcodanna den Mhargadh Aonair, beidh cuideachtaí in ann comhtháthú i slabhraí luacha Eorpacha, rud a éascóidh an próiseas cóineasaithe agus a chuirfidh feabhas ar infheistíocht, trádáil agus iomaíochas.

Tá Beartas comhtháthaithe nuachóirithe ríthábhachtach chun fás a neartú, éagothromaíochtaí a laghdú, agus iomaíochas a chothú ar fud an Mhargaidh Aonair, agus tacaíocht á tabhairt san am céanna do réigiúin agus do phobail maidir lena bhforbairt fhadtéarmach agus lena n-aistriú cóir.

**Tapóidh an Coimisiún an deis chun próisis socraithe caighdeán a dhéanamh níos tapúla agus níos inrochtana**, go háirithe do FBManna agus do ghnólachtaí nuathionscanta. Níl an córas Eorpach um chaighdeánú atá ann faoi láthair freagrúil go leor do na timthriallta nuálaíochta níos tapúla atá ag teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn. Tá sé an-tábhachtach páirt chórasach a ghlacadh i bpróisis dhomhanda socraithe caighdeán chun tionchar a imirt ar thorthaí atá ailínithe le leasanna an Aontais, rud a chuideoidh leis an tionscal staideanna iomaíocha a choinneáil ar bun i bpríomh-mhargaí teicneolaíochta, ar nós teileachumarsáid 5G agus 6G, IS, teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite, bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha, inrochtaineacht agus Idirlíon na Rudaí Nithiúla. Ní mór roghanna malartacha a lorg chun slándáil dhlíthiúil a thabhairt do ghnólachtaí maidir le comhlíonadh rialacha an Aontais, i gcásanna nach ann do chaighdeáin chomhchuibhithe, nach bhfuil fáil orthu nó ina bhfuil géarghá leo.

### 2.3. An t-iomaíochas a mhaoiniú agus Aontas Coigiltis agus Infheistíochta

**Tá riachtanais mhaoiniúcháin ollmhóra ag an Aontas chun a chuspóirí a comhaontaíodh cheana a bhaint amach**. Tá costais chaipitil an-ard i gceist leis an nuálaíocht, leis an aistriú glan, leis an scaipeadh digiteach agus le scaipeadh na teicneolaíochta ar fud na n-earnálacha eacnamaíocha, costais le haghaidh an mhéadaithe ollmhóir is gá ar earraí coiteanna, bonneagar ar fud na mór-roinne, mar shampla, san áireamh. Tá gealltanas tugtha ag na Ballstáit spriocanna cainníochtaithe maidir le fuinneamh in-athnuaite a bhaint amach, caiteachas T&F a mhéadú go 3 % de OTI, caiteachas cosanta a ardú go 2 % de OTI ar a laghad (i gcás chomhaltaí ECAT), agus bonneagar digiteach an Aontais a uasghrádú. De réir thuarascáil Draghi meastar gur EUR 750-800 billiún in aghaidh na bliana faoi 2030 atá i gceist leis na riachtanais infheistíochta bhreise uile san Eoraip, rud a chiallaíonn go mbeidh gá le méadú thart ar 5 phointe céatadáin de OTI an Aontais in aghaidh na bliana ar ráta iomlán infheistíochta de réir OTI an Aontais, sa chaoi go mbainfear amach leibhéil nach bhfacthas ó bhí na 1960idí agus na 1970idí ann. Tá sé ríthábhachtach infheistíocht leordhóthanach phoiblí agus phríobháideach a chinntiú chun borradh a chur faoin méadú táirgiúlachta agus chun spriocanna an Aontais maidir leis an nuálaíocht, an aeráidneodracht agus an chosaint a bhaint amach.

Chun iarracht mhórscála den sórt sin a dhéanamh, is gá go n-éireoidh an tAontas agus a Bhallstáit i bhfad níos fearr maidir le hinfheistíocht phríobháideach a shlógadh, infheistíocht ó infheisteoirí institiúideacha san áireamh, agus maidir le cistiú poiblí a úsáid ar bhealach níos dírithe agus níos spriocdhírithe. Cé go dteastaíonn caipiteal fiontair agus

infheistíocht chothromais ó go leor cuideachtaí chun go mbeidh rath orthu, tá an tAontas ag brath an iomarca ar mhaoiniú fiachais bainc([26]).

Bhí rátaí coigiltis teaghlaigh an Aontais 65 % níos mó ná mar a bhí sna Stáit Aontaithe in 2022([27]). Mar sin féin, ní dhíríonn earnáil airgeadais an Aontais go héifeachtúil iad ar infheistíocht tháirgiúil ná ní leithdháileann sí dóthain caipitil ar an nuálaíocht i ngeilleagar an Aontais. Mar thoradh air sin, ní fhaigheann saoránaigh torthaí leordhóthanacha ar a gcoigilteas agus gach bliain infheistítear EUR 300 billiún de choigilteas mhuintir na hEorpa i margaí lasmuigh den Aontas.

**Ní mór don Aontas margaí caipitil níos doimhne agus níos leachtaí a chomhtháthú agus a bheith aige mar chéim riachtanach chun acmhainní na hearnála príobháidí a shlógadh agus iad a dhíriú ar earnálacha fáis atá dírithe ar an todhchaí**. Is gá freisin fonn níos mó maidir le glacadh riosca a spreagadh i measc infheisteoirí príobháideacha, agus úsáid á baint as airgead poiblí mar ancaire.

Ní mór an leisce atá ann le fada an lá a shárú, agus cuirfidh an Coimisiún **Straitéis maidir le hAontas Coigiltis agus Infheistíochta** i láthair in 2025, agus ina dhiaidh sin tacar tograí sonracha, chun cruthú rachmais a chumasú do shaoránaigh an Aontais agus chun caipiteal a shlógadh do thionscadail a dhéantar san Eoraip. Chuige sin, ní mór táirgí coigiltis agus infheistíochta ar chostas íseal a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais – agus infheisteoirí miondíola a spreagadh chun leas a bhaint astu. Oibreoidh an Coimisiún freisin ar acmhainneacht pinsean príobháideach agus ceirde chun cuidiú le saoránaigh an Aontais pleanáil dá dtréimhse scoir agus a gcoigilteas a dhíriú ar an ngeilleagar. San am céanna, gníomhóidh an Coimisiún chun deireadh a chur le bacainní ar chomhdhlúthú bhonneagar na margaí airgeadais atá á stiúradh ag an margadh.

Ar deireadh, cuirfidh an Coimisiún i láthair bearta chun margadh urrúsúcháin an Aontais a chur chun cinn chun cumais mhaoiniúcháin bhreise a chruthú do bhainc (rud ar cheart dul chun tairbhe d’iasachtú corparáideach agus d’iasachtú FBManna go háirithe), agus bearta le haghaidh maoirseacht i bhfad níos aontaithe; saothróidh sé athchóiriú agus comhchuibhiú creataí dócmhainneachta ar fud an Aontais, atá fós an-ilroinnte faoi láthair, rangú éileamh agus truicear dócmhainneachta nó na rialacha maidir le ráthaíocht airgeadais agus socraíocht san áireamh; agus cuirfidh sé deireadh le bacainní cánachais ar infheistíocht trasteorann.

*Comhordú eacnamaíoch níos fearr*

**Chomh maith le hinfheistíocht phoiblí dhíreach, beidh gá le tacaíocht phoiblí chun infheistíocht phríobháideach a dhí-rioscú agus leas a bhaint aisti sna méideanna is gá**. I bhfianaise mhéid bhuiséid náisiúnta na mBallstát (thart ar 50 % de OTI an Aontais), beidh cumas an Aontais infheistíocht phoiblí straitéiseach a mhaoiniú, earraí poiblí Eorpacha san áireamh, ag brath ar bheartais mhaicreacnamaíocha agus fhioscacha náisiúnta a chur in ord tosaíochta agus a chomhordú i dtreo na sprice sin.

**Tacaíonn Creat Rialachais Eacnamaíoch athbhreithnithe an Aontais leis an sprioc sin trí chomhtháthú beartas fioscach inbhuanaithe agus beartas lena gcothaítear fás a threisiú –** trí chonairí coigeartaithe níos céimsí lena gceadaítear níos mó spáis fhioscaigh

([26]) Is lú i bhfad a bhraitheann gnólachtaí an Aontais ar fhoinsí maoiniúcháin margaidh, agus níos lú ná 30 % dá gcistiú ag teacht ó chothromas agus fiachas intrádála, i gcomparáid le beagnach 70 % do ghnólachtaí SAM. Féach CAI, 2023, *IMF Background Note on CMU for Eurogroup*, an 15 Meitheamh 2023

([27]) Réamhaisnéis Eacnamaíoch Fómhar 2024:Téarnamh de réir a chéile i dtimpeallacht dhíobhálach, Samhain 2024

le haghaidh athchóirithe agus infheistíochtaí tosaíochta, i gcomparáid leis an gcreat rialála a bhí ann roimhe seo([28]). Sa chéad mheasúnú faoin gcreat nua, i gcás cúig Bhallstát, cuireadh síneadh leis an tréimhse choigeartaithe ó 4 bliana go 7 mbliana, agus tacar gealltanais athchóiriúcháin agus infheistíochta mar bhonn taca léi. Amach anseo, níos mó ná riamh, ba cheart neartú na hinbhuanaitheachta fiachais trí chomhdhlúthú fioscach céimnitheach a bheith fite fuaite le hinfheistíocht phoiblí a chosaint agus úinéireacht náisiúnta níos fearr agus forfheidhmiú níos fearr a áirithiú.

*Buiséad an Aontais atá athdhírithe*

Leis an Rialachán maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), tá tús curtha ag an Aontas le cistiú a atreorú ó 11 chlár maoiniúcháin éagsúla chuig tionscadail thionsclaíocha i dtrí theicneolaíocht chriticiúla: teicneolaíochtaí digiteacha agus nuálaíocht domhainteicneolaíochta; teicneolaíochtaí atá glan agus tíosach ar acmhainní; agus bith-theicneolaíochtaí. A bhuí le Tairseach STEP aonair, tá sé níos éasca agus níos simplí do thionscnóirí tionscadail, d'údaráis bhainistíochta agus d'infheisteoirí rochtain a fháil ar chistiú ón Aontas. Léiríonn taithí STEP go dtí seo an breisluach a bhaineann le tacaíocht bhuiséadach an Aontais a athdhíriú ar thosaíochtaí soiléire comhroinnte iomaíochais.

**Deis a bheidh sa chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile tuilleadh a dhéanamh agus athmhachnamh a dhéanamh ar struchtúr agus ar leithdháileadh bhuiséad an Aontais chun tacú le tosaíochtaí iomaíochais.** Tá caiteachas bhuiséad an Aontais ilroinnte ar an iomarca clár faoi láthair — ar minic a bhíonn a stiúradh straitéiseach comhordaithe teoranta agus an-chastacht ag baint leo do na tairbhithe. Chun díriú ar iomaíochas an Aontais, tá gá le tacar tosaíochtaí cistiúcháin comhaontaithe i bhfoirm tionscadail earraí poiblí an Aontais agus infheistíochta ilnáisiúnta, a bheidh le sainiú trí shásra stiúrtha beartais neartaithe (féach roinn 2.5). Sa chéad CAI eile, ba cheart **Ciste Eorpach um Iomaíochas** nua freagairt do na riachtanais sin ar bhealach níos comhtháite. Leis an gCiste, cuirfear acmhainneacht infheistíochta ar bun lena dtacófar le teicneolaíochtaí straitéiseacha agus le monaraíocht (idir intleacht shaorga agus an spás, idir theicneolaíocht ghlan agus earnálacha bith-theicneolaíochta etc.), rudaí atá ríthábhachtach d'iomaíochas na hEorpa, agus taighde agus nuálaíocht, agus IPCEInna, san áireamh. Cuideoidh sé le hinfheistíochtaí príobháideacha a ghiaráil agus a dhí-rioscú.

**Ní leor cistiú poiblí: ní mór leas a bhaint as caipiteal príobháideach ar an mórchóir freisin. Ní mór acmhainneacht Ghrúpa BEI a ghiaráil go hiomlán chun infheistíocht phríobháideach a phlódú isteach agus chun bearna infheistíochta na hEorpa a dhúnadh i ngach réimse tosaíochta,** idir an dícharbónú agus an chosaint. Is féidir le líonra na mbanc Eorpach le haghaidh spreagadh, chomh maith le hinstitiúidí airgeadais idirnáisiúnta eile, cabhrú le hinfheistíocht phoiblí a ghiaráil a thuilleadh. Tá sé léirithe gur cumhachtach an uirlis é dí-rioscú a dhéanamh ar ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha, agus meánéifeacht iolraitheora os cionn 15 huaire ann go dtí seo. Chun cur le cur chun feidhme rathúil InvestEU, agus infheistíocht EUR 218 mbilliún slógtha cheana féin([29]), agus 65 % den infheistíocht sin ó fhoinsí príobháideacha, molfar úsáid níos leithne a bhaint as scéimeanna a chistíonn an tAontas chun tacú le hinfheistíochtaí is airde a riosca agus le tuilleadh infheistíochtaí méadúcháin i bpríomhearnálacha eacnamaíocha. Ba cheart

([28]) Blag BCE, *Mind the gap: Europe's strategic investment needs and how to support them* [Seachain an bhearna: Riachtanais infheistíochta straitéisí na hEorpa agus conas tacú leo], 2024

([29]) Tá tacaíocht infheistíochta leathan á cur ar fáil ag InvestEU trí na ceithre réimse beartais ina dhiaidh seo a leanas: Bonneagar inbhuanaithe; Taighde, nuálaíocht agus digiteáil; FBManna; Infheistíocht shóisialta agus scileanna

acmhainní dílse Ghrúpa BEI a shlógadh a thuilleadh freisin. Leis sin, in éineacht le hacmhainní an Aontais, ba cheart a bheith in ann cur leis an úsáid a bhaintear as ráthaíochtaí, iasachtaí, ionstraimí measctha agus cineálacha eile ionstraimí airgeadais (cothromas san áireamh) ar fud na dtosaíochtaí beartais a dtacaíonn buiséad an Aontais leo. Is éard atá i gceist leis freisin raon feidhme clár maoiniúcháin atá ann cheana a leathnú, ag tosú le InvestEU, chun sainorduithe Ghrúpa BEI agus comhpháirtithe eile a dhéanamh níos leithne, níos simplí, níos tapúla agus níos solúbtha. Le hailtireacht oscailte na n-uirlisí sin, tá deis ann le haghaidh comhar agus sineirgí méadaithe le bainc náisiúnta le haghaidh spreagadh, agus idir na bainc sin.

## 2.4. Scileanna agus poist ar ardchaighdeán a chur chun cinn agus cothroime shóisialta á cinntiú

**Is iad muintir na hEorpa bunchloch iomaíochas na hEorpa**. Is san Aontas Eorpach atá cuid de na heolaithe agus de na taighdeoirí is fearr ar domhan agus tá tionscail chruthaitheacha agus chultúrtha bhríomhara ann chomh maith. Tá líon mór oibrithe oilte ann, córais láidre oideachais agus oiliúna, margaí saothair uilechuimsitheacha, dlíthe neamh-idirdhealaithe agus stát leasa láidir. Mar sin féin, tá athrú ó bhonn ag teacht ar mhargadh saothair na hEorpa. Cé gur tháinig méadú ar an bhfostaíocht san Aontas go 216.5 milliún duine, rud a fhágann go raibh an ráta fostaíochta ní b’airde ná riamh ag 75.3 %, agus go raibh an ráta dífhostaíochta ní b’ísle ná riamh (6.1 %) in 2023, tá bearnaí scileanna agus ganntanais saothair fós ann. Mar shampla, tuairiscíonn beagnach ceithre cinn as gach cúig ghnólacht bheaga agus mheánmhéide san Aontas go bhfuil deacrachtaí acu oibrithe a bhfuil an tacar scileanna ceart acu a aimsiú([30]).

**Tá ról lárnach ag beartais shóisialta éifeachtacha atá bunaithe ar Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta chun Eoraip iomaíoch a mhúnlú.** Cinnteoidh geilleagar níos iomaíche ag a bhfuil ardtáirgiúlacht go mbeidh ár múnla sóisialta inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de san fhadtéarma agus go bhfeicfidh saoránaigh bealaí soiléire chun a rath eacnamaíoch féin a bhaint amach. Ní mór gach Eorpach a bheith in ann cur le feabhsuithe a chothóidh iomaíochas níos fearr agus tairbhe a bhaint astu.

**Chun comhoiriúnú maith idir scileanna agus éilimh an mhargaidh saothair a chinntiú, cuirfidh an Coimisiún i láthair tionscnamh chun Aontas Scileanna a thógáil**, lena ndíreofar ar infheistíocht, ar fhoghlaim aosach agus ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil, ar chruthú scileanna a sheasfaidh an aimsir, ar choinneáil scileanna, ar shoghluaisteacht chothrom, ar dhaoine cáilithe ó thríú tíortha a mhealladh agus a imeascadh agus ar aitheantas a thabhairt do chineálacha éagsúla oiliúna chun a chur ar a gcumas do dhaoine oibriú ar fud ár nAontais. Tá sé ríthábhachtach lucht saothair reatha na hEorpa a uas-sciliú agus a athsciliú chun gur féidir leo aistriú idir poist agus gairmeacha. Mar chuid d’Aontas na Scileanna beidh Plean Straitéiseach um Oideachas ETIM, Plean Gníomhaíochta um Bunscileanna lena ndíreofar ar an oideachas scoile, agus Straitéis Eorpach um Ghairmoideachas agus Gairmoiliúint, agus neartóidh sé na Comhghuaillíochtaí d’Ollscoileanna Eorpacha. Ar an gcaoi chéanna, tá gá le hidirphlé láidir leis na comhpháirtithe sóisialta maidir le hábharthacht scileanna agus gairmeacha sa mhargadh saothair, rud a éascóidh aithint agus bailíochtú scileanna, agus a fhorbróidh fianaise maidir le scileanna agus treochtaí sa mhargadh saothair atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Beidh Tionscnamh um Inaistritheacht Scileanna, arb é is aidhm dó a éascú go n-aithneofar scileanna a shealbhaítear i gcás soghluaisteachta, mar chuid den obair sa

([30]) Eorabharaiméadar do Bhliain Eorpach um Scileanna (2023) - Ganntanais scileanna, straitéisí earcaíochta agus coinneála i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide

réimse seo. Ina theannta sin, ní mór don Eoraip a bheith ina ceann scríbe níos inrochtana agus níos tarraingtí do ghairmithe oilte ó thríú tíortha, a bhfuilimid in iomaíocht le dlínsí eile ina leith, ag tógáil ar na Comhpháirtíochtaí Tallainne atá ann cheana le tíortha comhpháirtíochta agus ar Linn Tallainne an Aontais a bheidh ann amach anseo.

**Thairis sin, ós rud é go bhfuil laghdú ag teacht ar an daonra in aois oibre san Eoraip, is gá rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a mhéadú**([31]). Is iomaí toisc a chuireann teorainn le rochtain ar an obair do mhná, do dhaoine óga agus do shaoránaigh scothaosta ar mian leo fanacht gníomhach go heacnamaíoch. Is deacair do dhaoine ar bheagán oiliúna, do dhaoine faoi mhíchumas agus do ghrúpaí eile atá faoi ghannionadaíocht rochtain a fháil ar an margadh saothair chomh maith. Méadú a dhéanamh ar an rannpháirtíocht lucht saothair agus an táirgiúlacht, is rud é a bhraitheann go mór ar dhálaí oibre cothroma, ar phá cuibhiúil, ar an gcothromaíocht oibre is saoil, agus ar rochtain a fháil ar chúram leanaí agus ar chúram fadtéarmach atá inacmhainne agus ar ardchaighdeán. Chun dul i ngleic leis na gnéithe sin agus le gnéithe eile a bhfuil tionchar acu ar an rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, rachaidh an Coimisiún i dteagmháil leis na comhpháirtithe sóisialta chun Treochlár um Poist ar Ardchaighdeán a chur i láthair. Ina theannta sin, cuirfidh an Coimisiún Plean um Thithíocht Inacmhainne ar aghaidh.

**Ar deireadh, tá saol na hoibre ag athrú agus a fhad is a bheidh forbairt ag teacht ar earnálacha eacnamaíocha nua atá ag fás, teastaíonn conairí ó oibrithe chun oiriúnú a dhéanamh** le gur féidir poist a choinneáil agus a aimsiú, agus ní mór líontán sábhála a bheith acu le linn aistrithe freisin. Tríd an Seimeastar Eorpach, cuirfear béim láidir ar na Ballstáit a spreagadh córais cosanta sóisialta a nuachóiriú, chun rochtain ar chosaint leordhóthanach, éifeachtúil agus éifeachtach a chinntiú do gach oibrí. Ba cheart athchóirithe pinsean a cheangal le tionscnaimh lena gcuirtear saol oibre níos faide chun cinn, lena dtacaítear le haosú gníomhach folláin agus lena gcruthaítear margaí saothair níos uilechuimsithí.

### 2.5. Oibriú as lámh a chéile chun an tionchar a uasmhéadú: Uirlis um Chomhordú Iomaíochais

**Ní éireoidh leis an Aontas a chuid spriocanna a bhaint amach mura féidir beartais náisiúnta agus beartais an Aontais a chomhordú ar bhealach níos éifeachtaí**. Níl ag éirí leis an Eoraip a bhféadfadh sí a bhaint amach trí ghníomhú le chéile toisc go bhfuil a beartais thionsclaíocha agus taighde ilroinnte idir an tAontas agus na Ballstáit agus thar an iliomad cuspóirí neamhchomhordaithe. Laistigh den Mhargadh Aonair, úsáideann gach Ballstát a bheartais thionsclaíocha agus tacaíochta féin chun borradh a chur faoin iomaíochas náisiúnta, gan mórán machnaimh a dhéanamh ar an méid a tharlaíonn i mBallstáit eile nó chun aimhleasa dóibh fiú. Laghdaíonn sé sin éifeachtacht na mbeartas agus na n-acmhainní sin, rud a chuireann teorainn leis na tairbhí foriomlána ó thaobh an Aontais trí chéile de([32]).

**Molfaidh an Coimisiún Uirlis nua um Chomhordú Iomaíochais chun gníomhú i gcomhar leis na Ballstáit maidir le tosaíochtaí coiteanna iomaíochais** i bpríomhréimsí roghnaithe agus i dtionscadail a mheastar a bheith tábhachtach ó thaobh straitéise agus leas

([31]) Cf. An Coimisiún Eorpach, An t-athrú déimeagrafach san Eoraip: bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta, COM (2023) 577

([32]) Páipéar Oibre 24/249, CAI, *Industrial Policy in Europe: A Single Market Perspective*, Arna ullmhú ag Andrew Hodge, Roberto Piazza, Fuad Hasanov, Xun Li, Maryam Vaziri, Atticus Weller, Yu Ching Wong, Nollaig 2024

coiteann Eorpach. Leis an Seimeastar Eorpach agus NextGenerationEU, tugadh isteach loighic rathúil maidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí a chomhcheangal chun tosaíochtaí an Aontais a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta. Ba cheart an cur chuige sin a chomhlánú le gníomhaíochtaí comhordaithe trasteorann agus uile-Aontais.

**Is é is aidhm don Uirlis um Chomhordú Iomaíochais beartais agus infheistíochtaí tionsclaíocha agus taighde a ailíniú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta**. Cuideoidh sí chun mórthionscnaimh nua agus/nó tionscadail trasteorann a chur i gcrích a mbeidh breisluach Eorpach ag baint leo, ar mhaithe le claochlú eacnamaíoch struchtúrach, táirgiúlacht, fás fadtéarmach agus poist ar ardchaighdeán, agus a rachaidh chun tairbhe don Mhargadh Aonair. I ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le príomhpháirtithe leasmhara eile, sainaithneofar gníomhaíochtaí maidir le tosaíochtaí comhpháirteacha iomaíochais in earnáil ar leith, athchóirithe agus infheistíochtaí cumasúcháin riachtanacha agus tionscadail nithiúla a bhfuil comhordú trasteorann ag teastáil ina leith. Oibreoidh an Uirlis um Chomhordú i gcomhar le Seimeastar Eorpach cuíchóirithe a bheidh dírithe ar athchóirithe agus ar infheistíochtaí don iomaíochas ar an leibhéal náisiúnta. Beidh an dá cheann mar chuid de shásra stiúrtha comhleanúnach agus barainneach chun bonn eolais a chur faoi chinntí maidir le hinfheistíocht agus athchóirithe ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Leis an sásra stiúrtha nua sin, déanfar tosaíochtaí an Aontais a nascadh le buiséad an Aontais, toisc gur gá caiteachas an Aontais, caiteachas poiblí agus caiteachas príobháideach a ailíniú le tosaíochtaí iomaíochais an Aontais chun go mbeidh an tAontas Infheistíochtaí ann.

Sa chéad chéim, molfaidh an Coimisiún go ndéanfaí beartais an Aontais agus beartais na mBallstát a chomhordú i roinnt réimsí roghnaithe a bhfuil breisluach soiléir ag baint leo d'iomaíochas an Aontais, mar threoirthionscadail. D'fhéadfadh bonneagar fuinnimh agus iompair (e.g. eangacha leictreachais, stóráil, breoslaí inbhuanaithe agus luchtú), bonneagar digiteach agus cásanna úsáide ingearaí IS, agus an bhith-theicneolaíocht, chomh maith le príomhacmhainneachtaí monaraíochta eile (e.g. le haghaidh táirgí íocshláinte criticiúla) a bheith ar na réimsí sin.

I gcás cistiú poiblí chun treoirthionscadail den sórt sin a chur chun feidhme, beidh air an caipiteal príobháideach uasta a ghiaráil, i bhfianaise na riachtanas mór infheistíochta. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an dul chun cinn i dtreo ailíniú éifeachtach, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit. Bunaithe ar an taithí sin, forbróidh an Coimisiún sásra stiúrtha le haghaidh infheistíochtaí i gcomhar leis na Ballstáit. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún oibriú le chéile ar mhodheolaíocht chun líonraí, earnálacha nó gníomhaíochtaí bonneagair straitéisigh eile a shainaithint agus a shainiú, a bheadh oiriúnach do chomhordú infheistíochta agus beartais faoin Uirlis um Chomhordú Iomaíochais, agus a n-acmhainneacht maidir le nuálaíocht, dícharbónú agus slándáil eacnamaíoch á cur san áireamh([33]).

([33]) I dTuarascáil Draghi (ar leathanach 41) tugtar túsphointe úsáideach — cé go bhfuil sé scéimreach agus neamh-uileghabhálach, mar is gá dó a bheith — lena ndéantar idirdhealú idir ceithre chás leathana éagsúla a mbeadh an bosca uirlisí beartais ábhartha éagsúil lena chéile ina leith: (i) tionscail ina bhfuil míbhuntáiste costais na hEorpa rómhór le go bhféadfadh sí a bheith ina hiomaitheoir dáiríre, ina bhfuil éagsúlú ríthábhachtach chun spleáchais a theorannú; (ii) tionscail ina bhfuil leas an Aontais dírithe ar shuíomh an táirgthe (agus ar an bhfostaíocht ghaolmhar) san Eoraip, seachas ar thionscnamh na dteicneolaíochtaí; (iii) tionscail inar gá do chuideachtaí Eorpacha fios gnó agus acmhainneacht mhonaraíochta ábhartha a choinneáil, rud a fhágann gur féidir borradh a chur faoin táirgeadh i gcás teannas geopholaitiúil; agus (iv) 'naíthionscal' ina bhfuil buntáiste nuálach ag an Aontas agus ina bhfeiceann sé ardacmhainneacht fáis amach anseo.

**Faoin CAI reatha, i gcás dreasachtaí airgeadais chun infheistíochtaí comhordaithe a chur chun feidhme, d’fhéadfaidís tógáil ar an taithí rathúil a fuarthas le STEP**, faoinar atreoraíodh os cionn EUR 6 bhilliún cheana féin ó Chistí Beartais Chomhtháthaithe na mBallstát agus na réigiún chun tacú le cuspóirí straitéiseacha agus EUR 8.7 billiún ar fud na gcúig chlár atá á mbainistiú go díreach ag an gCoimisiún. Sa bhreis ar ath-chlársceidealú breise Cistí Beartais Chomhtháthaithe, i gcás dreasachtaí airgeadais chun na pleananna gníomhaíochta a chur chun feidhme, d’fhéadfaidís teacht ó Ghrúpa BEI, ó bhainc náisiúnta le haghaidh spreagadh agus ó chomhpháirtithe cur chun feidhme eile, bunaithe ar ráthaíocht fheabhsaithe InvestEU. D’áireofaí leis sin ath-chlársceidealú chistí NextGenerationEU na mBallstát i dtreo a n-urrann náisiúnta faoi InvestEU agus leasuithe spriocdhírithe ar rialacha InvestEU chun a acmhainn rioscúil a mhéadú.

**Faoin gcéad CAI eile, tacóidh Ciste um Iomaíochas nua le cur chun feidhme na hUirlise um Chomhordú Iomaíochais**. Tabharfaidh an Ciste aghaidh ar an bhfadhb go bhfuil ár gcaiteachas spréite ar fud an iomarca cláir fhorluiteacha, cuid mhaith acu a dhéanann an rud céanna a chistiú ach ceanglais éagsúla i gceist leo, agus bíonn deacrachtaí ann an cistiú a chomhcheangal go héifeachtach. Le hailtireacht chuimsitheach an Chiste, beidh sé in ann a bheith ag gabháil le tionscadail Eorpacha ar feadh an turais infheistíochta ar fad, idir thaighde, céim an mhéadaithe, cur in úsáid tionsclaíoch, agus mhonaraíocht. Beidh sé in ann leas solúbtha a bhaint as iomlán ár mbosca uirlisí airgeadais: deontais, iasachtaí, cothromas agus soláthar. Ina theannta sin, chun comhleanúnachas a chinntiú agus cumhacht a uasmhéadú, d’fhéadfadh cistiú, atá nasctha le pleananna náisiúnta amach anseo ina gcomhcheanglaítear athchóirithe agus infheistíochtaí tábhachtacha, dreasachtaí airgeadais agus tacaíocht a chur ar fáil do na bearta a shainaithnítear tríd an uirlis chomhordúcháin.

**Cumasóirí Gníomhaíochtaí Suaitheanta**

Omnibus a shimpliú agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga a shainmhíniú [26/2/2025]

- An Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa [2025]
- Straitéis maidir le Margadh Aonair [R2 2025]
- An tAthbhreithniú ar an Rialachán maidir le Caighdeánú [2026]
- Aontas Coigiltis agus Infheistíochta [R1 2025]
- An chéad CAI eile, agus an Ciste um Iomaíochas agus Uirlis um Chomhordú Iomaíochais san áireamh [2025]
- Aontas na Scileanna [R1 2025]
- Treochlár um Poist ar Ardchaighdeán [R4 2025]
- An Tionscnamh um Inaistritheacht Scileanna [2026]

## 3. Conclúid

**Ní mór díriú ar neart iomaíochta na hEorpa a athnuachan sna blianta amach romhainn**. Tá na hacmhainní uile is gá ag an Eoraip chun bheith iomaíoch i ngeilleagar domhanda an lae amárach ach tá géarghá le dlús nua. Ní mór di a láidreachtaí a chur chun tairbhe agus leas a bhaint go tapa as a conair féin i dtreo méadú táirgiúlachta atá bunaithe ar an nuálaíocht go dtí todhchaí aeráidneodrach. Díríonn an Compás Iomaíochais ar Aontas inar féidir le nuálaithe táirgí a thabhairt chun an mhargaidh go tapa agus inar féidir le cuideachtaí rochtain éasca a fháil ar chistiú a bhuí le margadh caipitil phríobháidigh comhtháite agus éifeachtúil ar fud an Aontais. Áit inar féidir le cuideachta nuathionscanta a cuid gníomhaíochtaí — bíodh baint acu le hearraí nó le seirbhísí — a lonnú agus a leathnú in aon chuid den Mhargadh Aonair. Áit ina bhfuil cion cothrom de na gníomhaithe domhanda is fearr in earnálacha domhainteicneolaíochta de bhunadh na hEorpa, agus áit a n-éiríonn le hearnálacha déantúsaíochta agus feirmeoirí an t-iomaíochas a chomhcheangal lena n-aistriú chuig táirgeadh ísealcharbóin agus inbhuanaithe. Áit inar féidir rath a bheith ar oibrithe i bpoist ar ardchaighdeán agus ina féidir leo brath ar bhearta cosanta sóisialta agus líontáin sábhála marthanacha. Áit inar féidir le gach custaiméir rochtain a fháil ar fhuinneamh glan agus táirgí inacmhainne cibé uair agus cibé áit a bhfuil siad de dhíth orthu, a bhuí le ceann de na margaí ilchríochacha agus de na bonneagair líonra is mó ar domhan. Áit ina n-úsáideann an tAontas agus na Ballstáit a gcumhacht chomhchoiteann chun gníomhú le chéile agus chun spleáchais iomarcacha a laghdú.

**Moltar sa Chompás cur chuige nua i leith an iomaíochais lena gcomhcheanglaítear beartais thionsclaíocha, infheistíocht agus athchóirithe, agus iad aontaithe faoi fhís choiteann.** Treisíonn na comhpháirteanna a chéile. Tá gá le hathchóirithe chun an Margadh Aonair a dhoimhniú chun go mbeidh éifeacht iomlán ag beartais thionsclaíocha agus ag infheistíocht, chun méid an mhargaidh a mhéadú, chun méadú cuideachtaí a éascú, agus chun brú iomaíoch sláintiúil a choinneáil chun leasa cuideachtaí agus oibrithe. Tá iarracht simpliúcháin ar mhórscála agus creat rialachais nua chun gníomhaíochtaí a chomhordú ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát mar bhonn taca faoin gcur chuige sin.

**Ní ar leibhéal an Aontais amháin atá an fhreagracht as an iomaíochas.** Ní mór d’institiúidí an Aontais, do rialtais náisiúnta, d’údaráis réigiúnacha agus do chuideachtaí freisin, beart a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán, ag obair le chéile **ar bhonn comhpháirteach** agus ag tabhairt faoi leibhéal nua tiomantais agus comhair. Beidh an Uirlis um Chomhordú Iomaíochais ina príomhuirlis chun na tosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach. Agus an clár oibre seo á chur i gcrích aige, rachaidh an Coimisiún i dteagmháil le páirtithe leasmhara trí dhlúthchomhairliúchán tráthrialta, chun ábhair imní tosaíochta a shainaithint agus chun teacht ar réitigh chun dálaí gnó a éascú. Beidh an t-idirphlé sóisialta ina bhunchloch i gcónaí.

**Beidh an Compás ina chreat d’obair an Choimisiúin don sainordú iomlán sin**. Ní féidir borradh a chur faoin iomaíochas go tapa. Cuirfear cuid de bhearta an Chompáis i láthair go tapa agus is féidir éifeachtaí inbhraite a bheith acu go tapa. Ach is sa mheántéarma a bheidh éifeachtaí ag go leor acu agus beidh cúrsa seasta ag teastáil ina leith. Déanfar faireachán agus tuairisciú bliantúil ar an dul chun cinn maidir leis an gCompás Iomaíochais tríd an Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas.

**Is teoranta an deis é**. Ní mór don Aontas an rogha a dhéanamh gníomhú le chéile ar mhaithe le rathúnas inbhuanaithe do chách amach anseo, sin nó glacadh le deighilt agus le meath eacnamaíoch.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa, ar an gComhairle, ar an gComhairle Eorpach agus ar na comhpháirtithe sóisialta an Compás Iomaíochais a fhormhuiniú agus rannchuidiú go gníomhach chun na tionscnaimh atá ann a bhaint amach.